INSTITUTE OF TECHNOLOGY TRALEE

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA TRÁ LÍ

Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí, Contae Chiarraí, Éire

Guth.: +353 (0) 66 7145600, Facs + 353 (0) 66 7125711, R-phost info@ittralee.ie, Idirlíon.
www.ittralee.ie

# Tuarascáil Bhliantúil
# Annual Report
# 2007/2008



Ireland's EU Structural Funds Programmes 2007 - 2013
Co-funded by the Irish Government and the European Union

EUROPEAN UNION STRUCTURAL FUNDS

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta | Department of Education and Science

HEA
Higher Education Authority
An tÚdarás um Ard-Oideachas

*Infheistíocht ar mhaithe le do thodhchaí*

# Clár Ábhair


Tuairisc an Chathaoirligh ....................................................................2
Tuairisc an Uachtaráin ........................................................................3
An Bord Rialaithe ……………………………………..………...……..4
An Chomhairle Acadúil …………………………….……………...…..4
An Fhoireann Bainistíochta Shinsearach .......................................................6
A bhfuil curtha i gcrích ag baill den bhfoireann .............................................6
Tuairisc Forbraíochta .........................................................................9
Scoil an Staidéar Gnó agus an Staidéir Shóisailta .........................................20
Scoil na hinnealtóireachta agus an Staidéar Foirgníochta .............................21
Scoil na hEolaíochta agus na Ríomhaireachta ..............................................22
Cláracha ...............................................................................................23
Scrúdaitheoirí Seachtracha ................................................................25
Staitisticí maidir leis na Mic Léinn ..............................................................30
Tuairisc ar Sheirbhísí do Mhic Léinn .........................................................32
Tuairisc ar Acmhainní Daonna ……………………………………… ......34
Tuairisc Airgeadais ...........................................................................34
Dualgaisí Reachtúla agus Fógraí eile ..........................................................38
Tuilleadh Scéalta .............................................................................39



*Gabhann an Institiúid buíochas leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus leis an Aontas Eorpach as a dtacaíocht agus as an maoiniú a thugadar dí.*






# Tuairisc an Chathaoirligh



Sa bhliain 2007/2008 dhein IT Thrá Lí ceiliúradh ar cothrom 30 bliana dá saol. Thug an tAire Ní Ainifín cuairt ar an Institiúid chun tús a chur leis an gClár Comórtha 30 Bliana go hoifigiúil. Cuireadh roinnt imeachtaí ar siúl le linn na bliana i gcomóradh ar an ócáid seo nach ndéanfaimid dearmad orthu.

Bhain tábhacht ar leith le cúrsaí forbraíochta in IT Thrá Lí le linn na bliana acadúla seo. Tugadh faoi thógáil foirgneamh na Leabharlainne agus an Ionad Acamhainne Eolais nua. Meastar go n-osclófar an áis seo in Earrach 2009 do na mic léinn. Agus í oscailte beidh suíocháin do 395 mhac léinn sa bhfoirgneamh Leabharlainne agus Ionad Acmhainne Eolais ar trí urláir, chomh maith le seilfeanna do 60,000 leabhar. Beidh breis is 60 ríomhaire ar fáil i gcomhair taighde agus tionscadail araon. Ina theannta sin beidh plugaí deisce ar fáil i gcomhair ríomhairí glúine i mbaill éagsúla ar fud na leabharlainne chun an tsolúbthacht is fearr agus is féidir a bhaint amach ó thaobh rochtain ar áiseanna TF de. Tacóidh acmhainní closamhairc saindéanta le staidéar trí mheáin eile seachas leabhair.

I mí Mhárta tosnaíodh ar obair chun dhá shraith de shreanga aibhléise a chur faoin talamh atá ag trasnú lárcheantar an Champais Thuaidh.

Tá an crèche tógtha anois agus táthar ag súil leis an gcéad scata páistí i mí Mheán Fómhair 2008.

Mar chathaoirleach ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an mBord Rialaithe, leis an mBainistíocht agus le foireann na hInstitiúide as an tacaíocht a thugann siad gan stad gan staonadh agus aghaidh á tabhairt againn ar na dúshláin atá os ár gcomhair amach.

Tá súil agam go leanfaimid orainn ag fás agus ag forbairt sna blianta atá romhainn agus go mbeidh torthaí fónta ár saothair againn i gcónaí.

**Flan Garvey**

**Cathaoirleach**

# Tuairisc an Uachtaráin



Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil na bliana 2007/2008 a chur os bhur gcomhair.

Is tréimhse fhíor-spreagúil í an tréimhse seo i saol na hInstitiúide agus roinnt tógraí móra idir lámhaibh againn.

Céim thábhachtach chun tosaigh maidir leis na háiseanna is nua-aimseartha í a chur ar fáil do mhic léinn atá ag freastal ar IT Thrá Lí a bheidh sa Leabharlann agus Ionad Acmhainne Eolais nua.

D'éirigh le hIT Thrá Lí maoiniú €3 milliún a aimsiú chun Ionad Bith-theicneolaíochta Feidhmí a bhunú i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Luimnigh. Is ionad taighde comhoibríoch é Ionad Bith-theicneolaíochta Feidhmí na Sionainne a bhfuil de chuspóir aige gníomhaíochtaí bitheolaíochta (mar aon le feidhmeanna eile nach iad) i gcumaisc a dhíorthaítear ó fhoinsí organacha a aimsiú agus a shaothrú. Ina theannta sin d'éirigh le hIT Thrá Lí €2,315 a aimsiú faoin leithdháileadh cistithe SIF2 ón Údarás Ardoideachais.


Láinseáladh Clár an Fhiontraí Óig agus na Duaiseanna a ghabhann leis i mbliana. Deis ar leith is ea Clár an Fhiontraí Óig chun buanna gach mac léinn 2ra agus 3ú leibhéil a spíonadh agus a fhorbairt. Comhlánaíonn sé an ghnáthfhoghlaim trí ceardlanna, staidéir cháis agus idirghníomhú le ceannairí gnó a chur anuas ar na smaointe atá ag na rannpháirtithe féin. Is deis iontach é an clár seo do gach duine atá ag smaoineamh ar gnó a chur ar bun anois nó amach anseo. Tá difríocht idir an clár seo agus cláracha eile atá dírithe ar fhiontraíocht óige de bharr go gcruthaíonn sé nascanna idir lucht gnó, múinteoirí agus mic léinn.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis na baill foirne a chuaigh ar scor ón Institiúid i mbliana as an obair a dheineadar chun fás is forás leanúnach na hInstitiúide a chur chun cinn. Guím rath agus sonas orthu.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt leis, don obair a dhein an fhoireann, baill Choiste Iniúchóireachta an Bhoird Rialaithe agus an Bhoird Rialaithe féin agus don tacaíocht ghníomhach a thugadar thar an bhliain seo chaite.

Ba mhaith liom míle buíochas a ghabháil le gach aoinne a bhí ag obair san Institiúid le linn na tréimhse ó Mheán an Fhómhair 2007 go Lúnasa 2008.

**Michael Carmody**



**Uachtaráin**

# An Bord Rialaithe

Sé Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (1992) a dhearbhaíonn iad siúd - 19 gcomhalta ar fad - a bheidh ar Bhord Rialaithe na hInstitiúide Teicneolaíochta. Chuaigh an Bord Rialaithe atá ann faoi láthair i mbun oifige i mí an Mheithimh 2005 agus is é 5 bliana fad a théarma oifige.

| | |
|---|---|
| An Comhairleoir Flan Garvey, | Cathaoirleach |
| An tUas. Michael Carmody, | Uachtarán |

Seisear arna n-ainmniú ag an CGO faoi Alt 6 (4) (a) agus (b) d'Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (1992):

| | |
|---|---|
| An Comhairleoir Terry O'Brien | Seirbhís Oideachais Chiarraí (-CGO i gCiarraí) |
| Tomás Ó Cruadhlaoich, Uas., | Seirbhís Oideachais Chiarraí (- CGO i gCiarraí) |
| Maria O'Gorman, Uas., | Seirbhís Oideachais Chiarraí (-CGO i gCiarraí) |
| An Comhairleoir Pat Loughnane., | Seirbhís Oideachais Chiarraí (- CGO i gCiarraí) |
| An Comhairleoir John T. Griffin | CGO Co. Luimnigh |
| An Comhairleoir Peter Considine | CGO Co. an Chláir |
| Andrew McCarthy Uas., | Comhdháil na gCeardchumann in Éirinn |
| Sean Clifford, Uas. | Ainmní ag an CIF |

Ceathrar arna n-ainmniú faoi Alt 6 (4) (1) (g) d'Acht na gColáistí Réigiúnacha (1992):

| | |
|---|---|
| An tUasal Eamon Ó Neachtain | Údarás na Gaeltachta |
| Mary Owens, Uas., | Fáilte Éireann |
| Margie Lynch, Uas., | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| Harriet Cotter, Uas., | Fiontar Éireann |

Faoi Alt 4 (3) d'Acht na gColáistí Teicniúla (1992):

| | |
|---|---|
| James Barry, Uas., | Uachtarán Aontas na Mac Léinn (tréimhse go dtí 30/6/08) |
| Christina Caffrey, Uas., | Ionadaí na Mac Léinn (tréimhse go dtí 30/6/08) |
| Mary Dennehy, Uas., | Ionadaí ón bhFoireann Riaracháin/Teicniúil |
| An Dr. Joan Cleary | Ionadaí ón bhFoireann Acadúil |
| Martin O Grady, Uas., | Ionadaí ón bhFoireann Acadúil |

Tionóladh 16 cruinnithe ar fad ar na dátaí seo leanas:
14 Meán Fómhair 2007*
24 Meán Fómhair 2007
28 Meán Fómhair 2007*
25 Deireadh Fómhair 2007
9 Samhain 2007*
16 Samhain 2007
11 Nollaig 2007
29 Eanáir 2008
22 Feabhra 2008
11 Márta 2008
8 Aibreán 2008
13 Bealtaine 2008
17 Meitheamh 2008
28 Meitheamh 2008*
30 Iúil 2008*
19 Lúnasa 2008*



* Tugann san le fios gur thionóil an tUachtarán agus an Cathaoirleach an cruinniú faoi Alt 12 d'Acht na nInstitiúidí Teicneolaíochta (2006).

# An Chomhairle Acadúil

**Réamhrá**
Is bord reachtúil í Comhairle Acadúil na hInstitiúide Teicneolaíochta, Trá Lí a ndeintear a feidhmeanna a shainmhíniú in Alt 11 d'Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha 1992 agus in Alt 3 d'Acht na nInstitiúidí Teicneolaíochta 2006. Ullmhaíonn an Chomhairle Acadúil Tuarascáil Bhliantúil chun gur fearr a bheidh an fhoireann agus páirtithe eile lena mbaineann ar an eolas féna gníomhaíochtaí agus chun taifead foirmiúil a sholáthar fé ghníomhaíochtaí dá sórt.

**Ballraíocht**
Ceapann an Bord Rialaithe baill na Comhairle Acadúla i gcomhair téarma oifige trí bliana. Ceapadh Comhairle Acadúil

ar an 1 Eanáir 2007 i gcomhair téarma trí bliana ón dáta sin. Ceapadh Comhairle Acadúil nua i gcomhair téarma oifige 3 bliana ar an 1 Eanáir 2007. Beidh téarma oifige na Comhairle seo istigh ar an 31 Lúnasa 2009. Baill de bhrí oifige atá uirthi agus baill tofa den bhfoireann acadúil chomh maith le mic léinn.

**Baill de bhrí oifige**

| | |
|---|---|
| **Uachtarán** | Michael Carmody, Uas., (Cathaoirleach) |
| **Cláraitheoir** | An Dr. Oliver Murphy (Rúnaí) |
| **Ceann Forbraíochta** | An Dr. Jerry Clifford |
| **Ceanna na Scoileanna** | Gnó & Staidéar Sóisialta: Brian O'Connor, Uas.<br>Innealtóireacht & Staidéar Foirgníochta: Kevin Lynch, Uas.<br>Eolaíocht & Ríomhaireacht: Séamus O'Shea, Uas. |
| **Ceanna Roinne** | Gnó & Daonnachtaí: Pat McGarty, Uas.<br>Faisnéisíocht Ghnó: Kay Fitzgerald, Uas.<br>Óstán, Lónadóireacht & Turasóireacht: Mary Rose Stafford, Uas.<br>Staidéar Gnó: Aisling Sharkey, Uas.<br>Innealtóireacht Shibhialta & Staidéar Foirgníochta: John Murphy, Uas.<br>Eolaíochtaí Ceimice agus na Beatha & Staidéar Sláinte/Corpacmhainne & Fóillíochta: Patrick Flanagan, Uas., tháinig an Dr. Micheal Hall ina ionad.<br>Staidéar Altranais & Cúraim Sláinte: An Dr. Gary Brown<br>Ríomhaireacht & Matamaitic: An Dr. Deirdre Lillis, tháinig Aisling Sharkey ina hionad. |
| **Leabharlannaí** | Pat Doherty, Uas |
| **Modúlú** | An Dr. Noel Mulligan (Bainisteoir Tionscadail) |

| | |
|---|---|
| **Foireann Tofa Acadúil**<br>**Scoil Ghnó & Staidéir Shóisialta** | Kristin Brogan, Uas<br>Jacqueline Gavaghan, Uas.<br>Gerard O'Brien, Uas.<br>An Dr. Colm O'Doherty<br>Peter Sharpe, Uas |
| **Foireann Tofa Acadúil**<br>**Scoil na hInnealtóireachta** | Denis Galvin, Uas.<br>Thomas McSwiney, Uas.<br>An Dr. Brendan O'Donnell<br>Con O'Regan, Uas.<br>Jim Stone, Uas. |
| **Foireann Tofa Acadúil**<br>**Scoil na hEolaíochta** | Thomas Aylward, Uas.<br>Paul Collins, Uas.<br>William Evans, Uas.<br>Owen Mackessy, Uas.<br>An Dr. Siobhán Ní Mhaolrúnaigh |



| | |
|---|---|
| **Comhaltaí de chuid na Mac Léinn:** | James Barry, Uas, Uachtarán ar Aontas na Mac Léinn: (2007/2008)<br>Ms Katie Sheehy, Oifigeach na gCumann (2007/2008) |

**Sceideal na gCruinnithe**

Bíonn cruinniú gach mí ag an gComhairle Acadúil idir Meán Fómhair agus Meitheamh. Bíonn cruinniú ag na ceithre Fho-Choistí d'réir mar is gá i rith na bliana. Thoiligh an Chomhairle comhchruinnithe a reáchtáil leis an mBord Rialaithe gach dara bliain. Thionóil an Chomhairle Acadúil na cruinnithe seo leanas i rith 2007/2008:

10 Meán Fómhair 2007
8 Deireadh Fómhair 2007
12 Samhain 2007
10 Nollaig 2007
14 Eanáir 2008
18 Feabhra 2008
3 Márta 2008
14 Aibreán 2008
19 Bealtaine 2008
16 Meitheamh 2008

**Comhchruinnithe na Comhairle Acadúla agus an Bhoird Rialaithe**
Níor tionóladh aon chruinnithe sa Bliain Acadúil 2007/2008

# An Fhoireann Bainistíochta Sinsearach

| | |
|---|---|
| Uachtarán | Michael Carmody, Uas. |
| Cláraitheoir | An Dr. Oliver Murphy |
| Leas-Chláraitheoir | Bríd McElligott, Uas. |
| Rúnaí/Rialtóir Airgeadais | Donal Fitzgibbon, Uas. |
| Ceann Forbraíochta | An Dr. Jerry Clifford |
| Ceann Scoil na hEolaíochta & Ríomhaireachta | Seamus O' Shea, Uas. |
| Ag feidhmiú mar Cheann na Roinne – Eolaíochtaí Ceimice & Beatha, Sláinte & Fóillíocht (go dtí mí Eanáir 2008) | Pat Flanagan, Uas. |
| Ag feidhmiú mar Cheann na Roinne – Eolaíochtaí Ceimice & Beatha, Sláinte & Fóillíocht (ó mhí Eanáir 2008 ar aghaidh) | An Dr. Michael Hall |
| Ceann na Roinne – Staidéir Altranais & Cúram Sláinte | An Dr. Gary Brown |
| Ceann na Roinne – Ríomhaireacht & Matamaitic (go Samhain 2008) | Deirdre Lillis |
| Ceann Scoil na hInnealtóireachta | Kevin Lynch, Uas. |
| Ceann na Roinne – Staidéar Sibhialta & Foirgníochta | John Murphy, Uas. |
| Ceann na Scoile Gnó agus an Staidéir Shóisialta | Brian O'Connor, Uas. |
| Ceann na Roinne – Gnó agus Daonnachtaí | Pat McGarty, Uas. |
| Ag feidhmiú mar Cheann na Roinne – Staidéar Gnó | Aisling Sharkey, Uas. |
| Ag feidhmiú mar Cheann na Roinne – Ríomhaireacht & Matamaitic (ó Shamhain 2008 ar aghaidh) | Aisling Sharkey, Uas. |
| Ceann na Roinne – Óstán, Lónadóireacht & Turasóireacht | Mary Rose Stafford |
| Ceann na Roinne – Faisnéisíocht Ghnó | Kay Fitzgerald |
| Riarachán Acadúil & Gnóthaí na Mac Léinn (go Meitheamh 2008) | Dick Carmody, Uas. |
| Riarachán Acadúil & Gnóthaí na Mac Léinn (ó Bhealtaine 2008 ar aghaidh) | Tim Daly, Uas. |
| Bainisteoir Airgeadais | John Fox, Uas. |
| Bainisteoir ar Sheirbhísí Seachtracha | Kathrina Purtill, Uas. |
| Bainisteoir ar Acmhainní Daonna | Siobhán Garvey, Uas. |
| Bainisteoir Eastát | Donal Hunt, Uas. |
| Bainisteoir TF | Andrew Quirke, Uas. |
| Bainisteoir Cláir – Tionscadal Modúlaithe /Ionad Foghlama & Teagaisc | An Dr. Noel Mulligan |

# A bhfuil curtha i gcrích ag baill den bhFoireann

**1. Foilseacháin & Láithreoireachtaí ag Comhdhálacha agus Seimineáir**

**Colm O'Doherty**

**Comhdhálacha**
Chuir sé páipéar i láthair ag Comhdháil Idirnáisiúnta ar Chosaint agus Leas an Linbh a Reáchtáladh i gColáiste Ollscoile Chorcaí ar an 25 agus 26 Deireadh Fómhair 2007.

**Foilseacháin**
C. O'Doherty "A New Agenda for Family Support-Providing Services that Create Social Capital" , Preas Blackhall, Samhain 2007
Bhí caibidil ag Colm O'Doherty sa leabhar suntasach ar obair shóisialta: "Child Protection and Welfare Social Work". Arna chur in eagar ag Kenneth Burns agus Deborah Lynch. Arna fhoilsiú ag A and A Farmar Press, Baile Átha Cliath. Deireadh Fómhair 2007.

**Ábhar eile**
C. O'Doherty "The Economics of Wellbeing, arna phóstáil ar an láithreán TASC (Think Tank for Social Change) i mí Feabhra.

**Sharon Phelan**

**Páipéirí**
S. Phelan (2008): 'Dance in Ireland: Intercultural Perspectives', Siompósiam tionscnaimh ag Comhdháil an Chumainn um Thaighde Téatair, Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath.
S. Phelan (2008): 'Re-imagining Irishness: The Irish Dance Tradition', An Séú Comhdháil um Léann Éireannach; Ollscoil Sunderland.

**Foilseacháin**
S. Phelan (2008): 'The Narrative: A Choreographic agus a Literary Model', International Dance Research Journal.

**Ábhar eile**
Thug Fóram na hÉireann um Thaighde Rince (Dance Research Forum Ireland) cuireadh do Sharon Phelan teacht ar Bhord na Stiúrthóirí. (2007). Fuair Sharon Phelan cuireadh chun a bheith ina comhalta den 'gComhairle Rince Idirnáisiúnta'. (2008).
Thug Seirbhís Oideachais Chiarraí cuireadh do Sharon Phelan seirbhís in-tí a chur ar fáil ar feadh seachtaine in Oideolaíocht Rince do Mhúinteoirí Náisiúnta (2007).

**Eimear Foley**

**Foilseacháin**
Nelson, N.M., Foley, E., O'Gorman, D.J., Moyna, N.M., Woods, C.B. Active Commuting to School: how far is too far? International Journal of Behavioural Nutrition and Physical Activity, 2008, 5(1).

**Ed Sheldon**

**Ábhar eile**
Críochnaíodh an Tionscadal ESTIIC RFID4SME go rathúil i 2008. Mar chomhpháirtí ceannais dhein IT Thrá Lí comhordú ar 6 imeachtaí idirnáisiúnta inar ghlac breis is 900 duine páirt. Reáchtáil sí 12 cheardlann RFID, dhein sí suíomh idirlín a tharraing breis is 10,000 cuairt in aghaidh na míosa, scaip sí 14,000 nuachtlitir RFID i dtrí teangacha agus thug sí tacaíocht dhíreach do 25 tionscadail i gcomhar le Fiontair Bheaga agus Meánmhéide maidir le teicneolaíochtaí RFID atá ag teacht chun cinn a ghlacadh.

Labhair Ed Sheldon ar na "Torthaí fiúntacha a bhí ar Fheachtas Scaipthe an Fho-Thionscadail de chuid ESTIIC" i nGijón na Spáinne. Foilsíodh doiciméadú deiridh na bhfo-thionscadal agus chaol IDEPA iad.

Dhein beirt mhac léinn MEol. taighde i dteannta a chéile san Iodáil mar thoradh ar ceangail taighde a bunaíodh idir an Wireless and Mobility Group agus an grúpa T&F RFID in Ollscoil Parma.

**An Dr. Brendan Guilfoyle**
I mí Lúnasa 2008 phóstáil an Dr. Brendan Guilfoyle (Roinn na Ríomhaireachta agus na Matamaitice, IT Thrá Lí) agus an Dr. Wilhelm Klingenberg (Ollscoil Durham, An R.A.) cruthúnas tuairimíocht matamaitice a bhí ann le 80 bliain anuas ar an idirlíon. Tuairimíocht Carathéodory an ainm atá uirthi.

**Kristen Brogan**

**Comhdhálacha agus Seimineáir**
17 & 18 Meán Fómhair 2007: Seimineár REAL – Líonra Eorpach um Theangacha, Páras, An Fhrainc.

20 & 21 Meán Fómhair 2007: An Chomhdháil TFC i gcomhair Foghlaim Teangacha, Flórans na hIodáile.
Cuireadh páipéar i láthair dar teideal: "Online Language Teaching and EU projects"

Meán Fómhair 2007: Foilseofar imeachtaí comhdhála i 2008 ó láithreoireacht Kristen Brogan ar Mhúineadh Teanga Ar Líne agus Tionscadail AE ag comhdháil an Ionad Eorpach um Nuatheangacha i nGraz na hOstaire.

Deireadh Fómhair 2007: Gearmáinis le haghaidh Gnó in Éirinn – ceardlann ag Institiúid Goethe i mBaile Átha Cliath.

Deireadh Fómhair 2007: comhdháil ATLTGI – ag freastal uirthi agus eagrúchán á dhéanamh aici mar chomh-chathaoirleach, Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta, Baile Átha Cliath – féach ar www.germaninireland.org. Comhghrúpa na Múinteoirí Gearmáinise Tríú Leibhéil in Éirinn.

Deireadh Fómhair 2007: Líonra Straitéis Teangacha na nInstitiúidí Teicneolaíochta – ceardlann in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir, Baile Átha Cliath. Ag freastal uirthi mar comh-eagraí.

Samhain 2007: Comhdháil Teanga de chuid ARÉ, Ollscoil Luimnigh.

Eanáir 2008: Cruinniú ATLTGI – ag freastail air agus i mbun eagrúcháin mar chomh-chathaoirleach, Cluain Meala – féach ar www.germaninireland.org; Comhghrúpa na Múinteoirí Gearmáinise Tríú Leibhéil in Éirinn.

Feabhra 2008: Láithreoireacht do Choiste ARÉ um Staidéar Nuatheangacha, Litríochta agus Cultúir faoin Litríochta agus Cultúir mar chomhbhunaitheoir, Baile Átha Cliath.

Márta 2008: Ceardlann faoi nuatheangacha i mbunscoileanna, Coláiste Ollscoile Chorcaí.

Aibreán 2008: Líonra Eorpach Space um Staidéar Gnó agus Teangacha: Comhdháil i Valencia na Spáinne. Féach ar: www.space-eu.info.

Aibreán 2008: DISC AND FINNECVET SEMINARS. Espoo sa bhFionlainn. Láithreoireacht páipéir ar thionscadail de chuid an AE agus Cathaoirleach ar cheardlann teanga.

Bealtaine 2008: Ceardlann um Éagsúlacht Chultúrtha in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain.

Bealtaine 2008: Ceardlann lae ar Straitéis agus Bheartas Teanga, Béal Feirste. Arna eagrú ag Coiste Acadamh Ríoga na hÉireann um Staidéar Nuatheangacha Litríochta agus Cultúir. Ag freastal air mar ionadaí Líonra Straitéis Teangacha na nInstitiúidí Teicneolaíochta.

Bealtaine 2008: Líonra Straitéis Teangacha na nInstitiúidí Teicneolaíochta – ceardlann in Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn. Ag freastail uirthi mar chomheagraí.

Bealtaine 2008: Siompóisiam IRAAL d’iarchéimithe, Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath. Láithreoireacht páipéar taighde dar teideal: ‘Development of Components of Proficiency During the Year Abroad: A Comparative Study”.

Meitheamh 2008: An 2ra Comhdháil Idirnáisiúnta ag Cumann Múinteoirí Teanga na Liotuáine, Vilnius, An Liotuáin. Láithreoireacht páipéir faoi thionscadail de chuid an AE.

Meitheamh 2008: Scoil Samhraidh PBL, Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath. Láithreoireacht páipéir: Staidéar cáis PBL.

Lúnasa 2008: AILA 2008: An 15ú Comhdháil Domhanda um Theangeolaíocht Fheidhmeach, Essen na Gearmáine. Scaipeadh fógráin VOCAL.

**Tionscadail Teanga an AE**

Deireadh Fómhair 2007: Ghlac Léargas/Coimisiún an AE leis an tionscadal AE **VOCAL.** Tá buiséad iomlán €400.000 nach mór aige agus is í ITT comhordaitheoir an tionscadail. Leanfaidh sé ar feadh 2 bhliana. Féach www.vocalproject.eu

Samhain 2007: Cruinniú comhpháirtithe an tionscadail AE i gcomhair **“Ready, Study, Go”**, i dTaillinn na hEastóine. Féach: (http://www.readystudygo-project.net), ag freastal air mar bhainisteoir cáilíochta sa tionscadal.

Nollaig 2007: Céad chruinniú na gcomhpháirtithe tionscadal VOCAL, ITT.

Feabhra 2008: Cruinniú AE na gcomhpháirtithe tionscadal “MOLAN”, Beirlín na Gearmáine. Is comhpháirtí sa tionscadal seo í ITT – féach: (www.molan-network.org).

Bealtaine 2008: Cruinniú na gcomhpháirtithe tionscadal **“MOLAN”** i mBarcelona na Spáinne. Is comhpháirtí sa tionscadal seo í ITT – féach: (www.molan-network.org).

Meitheamh 2008: Dara cruinniú na gcomhpháirtithe tionscadal VOCAL, i Kaunas sa Liotuáin.

# Tuairisc Forbraíochta

## Taighde

**Deontaisí Taighde**

Leonardo Da Vinci – VOCAL – Cultúr agus Teanga atá dírithe ar Ghairmeacha (Vocational Orientated Culture and Language) –[€278,697-Kristin Brogan]

Plean Infheistíochta Taighde, [Buiséad Taistil €2,750 K. Brogan & C. Rigg, Scoláireacht €19,302, B. Guilfoyle], (Meán Fómhair 2007).

COGG, 'Tréithe Dea-fhoghlaimeoirí Gaeilge' Scoláireacht PhD 3 bliana. [€15,999, An Dr. Muiris Ó Laoire], (Meán Fómhair 2007).

An tÚdarás Ardoideachais, Scéim Deontais d'Athnuachaint Trealamh Taighde, 2007 [€27,000] (Deireadh Fómhair 2007).

Áisíneacht Fheidhmiúcháin EAC – Líonra um mhalartú faisnéise faoi dhea-chleachtais chun Líonra foghlaimeoirí teanga a spreagadh (MOLAN) [K. Brogan, €13,088] (Deireadh Fómhair 2007).

Áisíneacht Fheidhmiúcháin EAC – Líonra Oideachais Idirghairme na hEorpa (EIPEN). Naoi gcinn de thíortha comhpháirtíochta ón AE faoi threoir Acadamh Ardoideachais Londain maidir le clár an Bheart Tionlacain Erasmus [S. Ní Mhaolrúnaigh €8,814], (Samhain 2007).

Comhpháirtíocht Nuálaíochta Fiontar Éireann – bithphróiseáil ar fho-tháirgí iascaigh mhara leo féin nó i gcomhcheangal le sruthanna dramhaíola carbaihiodráite, [€118,489, An Dr. Noel Mulligan, An Dr. Shane O'Connell & De Brún Iasc Teo] (Samhain 2007).

Comhaltacht iardhochtúireachta Embark – Scéim Comhpháirtíocht Fiontraíochta [€96,300 An Dr. Joseph Walsh], (Nollaig 2007).

Fiontar Éireann, Buiséad Taistil FP7, [€600,000, An Dr. Pat Doody] (Nollaig 2007).

Ciste Nuálaíochta Straitéiseach Tráinse 2 [€2,533,625] (Feabhra 2008).

Comhairle Chontae Chiarraí, Maoiniú as Ciste Díomhaoin, 'Kerry Travellers Development Funding' [€30,000; An Dr. Siobhán Ní Mhaolrúnaigh] (Márta 2008).

Taighde in Earnáil na Teicneolaíochta: Snáithe 2, Clár Ardán Fiontar Chiarraí, [€155,000. An Dr. Jerry Clifford] (Aibreán 2008).

ESTIIC, Urraíocht ar chomhdháil CIDS 'Is Connecting Bits to Atoms Sufficient' [€14,767, An Dr. Pat Doody], (Aibreán 2008).

An Chomhpháirtíocht Nuálaíochta, 'Development of PM'S technology to provide a customized solution for mammalian cell selection in the Biopharma Industry' [€559,084, An Dr. Shane O'Connell, Malcolm Bell, Uas., (Technopath Ltd.)] (Aibreán 2008).

Scéim Scoláireachta an Tionscnaimh Embark [€72,000 An Dr. Joseph Walsh] (Meitheamh 2008).

Scéim Feabhsúchán Taighde de chuid an Údarás Ardoideachais 2008, 'Mammalian Cell Culture Facility', [€1,024,000, An Dr. Jerry Clifford & An Dr. Benjamin Bradley] (Meitheamh 2008).

An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh & Bia, 'Meastóireacht Réamh-thráchtálaithe ar polaisiúicrídí agus oiligosiúcrídí réamhbhitheacha a díorthaíodh as algaí trí teicneolaíocht fheinitíopa mhicreagair a úsáid', [€488,703,00, An Dr. Michael Hall & An Dr. Shane O'Connell] (Iúil 2008).

Taighde in Earnáil na Teicneolaíochta: Snáithe 1, 'Investigation of biocompatibility of immunomodulatory activity of alginate preparations for use as cell encapsulation matrices' ('Iniúchadh ar bhithchomhoiriúnacht agus ar ghníomhaíocht imdhíon-mhodhnúcháin ullmhóideanna ailgionáite le haghaidh úsáide mar mhaitrísí d'imchochlú cille'), [€46,000, An Dr. Michael Hall] (Lúnasa 2008).

Taighde in Earnáil na Teicneolaíochta: Snáithe 1, 'Characterization and Purification of Immuno-stimulatory Proteins in salvaged blood', ('Carachtracht agus Íonúchán Próitéiní i bhfuil tharrtháilte') [€46,000, An Dr. Benjamin Bradley] (Lúnasa 2008).

Taighde in Earnáil na Teicneolaíochta: Snáithe 1, 'Screening and Characterisation of Fucanases for Generation of Novel Bioactive Fucoidan Oligosaccharides' ('Scagthástáil agus Carachtracht ar Fucanasaí le haghaidh Glúin Oiligosiúcrídí Fucóideacha Nua Bithghníomhacha') [€45,650, An Dr. Shane O'Connell] (Lúnasa 2008).

**Scéim Dearbhán Nuálaíochta Fiontar Éireann [€5,000 in aghaidh na cuideacha]**

**Críochnaithe**

Kerry Farm Relief Services Ltd. (Deirdre Bane)
TechnoPath Distribution Ltd. (An Dr. Shane O'Connell)
Irish Farm Relief Services Ltd. (Deirdre Bane)



**Ar siúl**

T&G Somers Ltd (Dr. Joseph Walsh)
E Business Certification Institute (An Dr. Pat Doody)
Multizone Heating Ltd. (Ed Sheldon)
HealthTech Solution Ltd. (An Dr. Pat Doody)
Occuhealth Ltd. (An Dr. Pat Doody)
Epona Biotech Ltd. (An Dr. Benjamin Bradley)

**Láithreoireachtaí**

M. Ó Laoire: The material culture of multilingualism i dteannta Larissa Aronin. Comhdháil Idirnáisiúnta IAM Ollscoil Sruighlea. (Meán Fómhair 2007).

K. Brogan: Láithreoireacht ar mhúineadh teanga ar líne agus ar thionscadail AE ag comhdháil um TFC le haghaidh Foghlaim Teanga, Flórans na hIodáile. (Meán Fómhair 2007).

E. Randles: 'Sports volunteerism, a reinforcement of gender role stereotyping, or a stab at the glass ceiling'. Comhghrúpa Eorpach um Bhainistíocht Spóirt, Turin, An Iodáil. (Meán Fómhair 2007).

S. Mc Carron: 'Nurses experiences of nursing young people with mental health problems', 13ú Comhdháil Taighde an Líonra Idirnáisiúnta le haghaidh Altranais Shíciatraigh 2007 (arna reáchtáil ag Coláiste Ríoga an Altranais) in Ollscoil Oxford. (Meán Fómhair 2007).

S. Ní Mhaolrúnaigh: Láithreoireach páipéir in Ohio ar Oideachas idirghairme: Samhail chomhoibríoch pobail. (Deireadh Fómhair 2007).

M. Ó Laoire: Transformative Pedagogy and Language Learning in Maori and Irish Contexts i dteannta an Oll. Ted Glynn, Ollamh le hOideachas, Ollscoil Waikato ag an gComhdháil um Oideachas agus Éagsúlacht Teanga, Waikato, An Nua Shéalainn (Samhain 2007).

M. Ó Laoire: Out of the Post-Colonial and into the Globalised: Athbheochain Teanga in Aotearoa (An Nua Shéalainn) agus in Éirinn. Comhdháil Idirnáisiúnta CHOTRO Delhi An India (Eanáir 2008).

M. Ó Laoire (Aoi-léacht): Siollabais na Gaeilge ar an Dara Leibhéal: Impleachtaí don Tríú Leibhéal An Fóram um an Ghaeilge ag an Tríú Leibhéal, Coláiste Phádraig, Droim Conrach, (Feabhra 2008).

M. Ó Laoire: From bilingualism to multilingualism Roinn na dTeangacha agus an Staidéir Idirchultúir, Sraith Seimineár Taighde na Scoile Bainistíochta agus Teanga 2007-8: Staidéar ar Chultúir agus ar Shochaithe Eorpacha agus Idirnáisiúnta. Ollscoil Heriot Watt, Dún Éideann, (Feabhra 2008).

A. Ringland: i bpáirtíocht le foireann taighde ó Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, NCTC agus Ollscoil Uladh: chuir i láthair réamh-thorthaí ó staidéar taighde maoinithe a dhein Institiúid Spóirt na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh ar Timpeallacht Fheidhmiúcháin Lúthchleasaithe scothaicme Éireannacha (Eanáir 2008).

K. Brogan: Rannpháirtíocht i seisiún póstaeir faoi mo thaighde PhD. ag collóiciam tionscnaimh de chuid Comhghuallaíocht Taighde na nInstitiúidí Teicneolaíochta.
(Feabhra 2008).

M. Ó Laoire: Léacht Náisiúnta IRAAL Trends in the Study of Language Shift and Revitalization: The Case of Maori in Aotearoa/New Zealand, Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath (Bealtaine 2008).

P. Van de Kamp: Agallamh fada do Theilifís na Tuirce faoi bheatha agus shaothar James Clarence Mangan.

Foilseacháin

M. Ó Laoire: Anglais et Irlandais: Hybridité dans en espace de transition. Droits et Cultures 54 L'Harmattan, Paris (2007).

O'Hara J., Mc Cole D., Stafford, M.R., : 'A review of the management of compulsory work placement on Fáilte Ireland Programmes' (2007).

M. Ó Laoire: Múineadh na Gaeilge agus na nuatheangacha eile: polasaí agus pleanáil teanga in A. Gallagher agus M. Ó Laoire (eag.) Language Education in Ireland: Current Practice and Future Trends. 1-23. Baile Átha Cliath: IRAAL. (2007).

M. Ó Laoire: (Léirmheas Leabhair) The Irish Language: From Goidél to Globalisation in Sociolinguistic Studies 1.2. 341-345 (2007).

M. Ó Laoire: An approach to developing language awareness in the Irish language classroom: A case study. International Journal of Bilingual Education and Bilingualism 10:4, 454-470. (2007).

Creedon, S: An tríú eagrán de Text Book Modern "Office Technology and Administration" (Gill and Macmillan) (2007).

S. Phelan: 'The Narrative: A Choreographic and a Literary Model' , International Dance Research Journal, (In Press) (2008)

M. Ó Laoire: Teagasc na Gaeilge: Cúiseanna agus curaclam ar strae? i J. Uhlich, D. McManus, M. Ní Bháin agus E. Mac Chárthaigh (eag.) Féilscríbhinn Chathail Uí Áinle (2008).

M. Ó Laoire: The language situation in Ireland. In R. Kaplan and R. Baldauf (eagarthóirí.) Language Planning and Policy Europe Vol.3. The Baltic States, Ireland and Italy. lgh. 193-255 Clevedon: Multilingual Matters. (2008).

M. Ó Laoire: The language planning situation in Ireland: An update. In R. Kaplan and R. Baldauf (eagarthóirí.) Language Planning and Policy Europe Vol.3. The Baltic States, Ireland and Italy. lgh. 256-261 Clevedon: Multilingual Matters. (2008).

Nelson, N.M., Foley, E., O'Gorman, D.J., Moyna, N.M., Woods, C.B. (2008) Active commuting to school: how far is too far? International Journal of Behavioural Nutrition and Physical Activity 2008, 5:1.

P. Van de Kamp: In Train (Selected Poems), Galway: Salmon Publishing, (2008) (80 pp).

P. Van de Kamp: Introduction, Collected Poems of Robert Druce. Vol. I. Yes, but listen…Sudbury: R&K Tyrrell, (2008) (vii-xiv).

P. Van de Kamp: Introduction, Collected Poems of Robert Druce. Vol. II. Apples & Thorns, Sudbury: R&K Tyrrell, (2008) (vii-xv).

**Eagarthóireachtaí**

P. Van de Kamp, Eagarthóir Comhairleach do Irish Academic Press (2001 i leith)

## Forbairt an Champais

Is le rannpháirtíocht agus faoi cheannas oifig na nEastát atá gach rud a bhaineann le Bainistiú na nEastát agus Forbairt an Champais. Baineann an tuarascáil seo leis an tréimhse ón 1ú Meán Fómhair 2007 go dtí an 31ú Lúnasa 2008. Tréimhse an-bhroidiúil ab ea an tréimhse seo don oifig ó cuireadh méid suntasach oibre i gcrích:

**An Leabharlann agus Ionad Acmhainne Eolais**

Cuireadh tús leis an tionscadal i mí Dheireadh Fómhair 2007 agus faoi mhí Lúnasa 2008 bhí sé go mór mór críochnaithe. Tá achar urláir 3,259 meadar cearnach sa bhfoirgneamh ina dtugtar slí do 450 léitheoir mar aon le hoifigí agus limistéar riaracháin don Uachtarán, do Roinn an Chláraitheora agus do Sheirbhísí do Mhic Léinn. Is tairbhe mór é an foirgneamh seo don Institiúid agus í ag gabháil ar aghaidh. Tá ceithre phainéal gréine is fiche ar dhíon an fhoirgnimh atá nasctha do limistéirí na leithreasaí agus d'umaracha móra uisce teasaí i bhfoirgneamh Óstáin agus Lónadóireachta atá in aice leis

an leabharlann. Is togra uathúil é seo sa mhéid go soláthraítear uisce teasaí trí phainéil ghréine ar fhoirgneamh amháin d'fhoirgneamh eile ar champas ollscoile. Fuarthas deontas i leith na suiteála seo ó Fhuinneamh Inmharthana Éireann (SEI).

**Fiarlán an BSL trí Chroícheantar**
Socraíodh an conradh seo i mí na Samhna 2007 agus críochnaíodh i samhradh 2008 é. Baineadh sranga BSL lastuas ó chroícheantar an Champais Thuaidh agus ar an gcuma seo cruthaíodh slí luachmhar do láithreáin d'Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí agus do Pháirc Theicneolaíochta Chiarraí araon. Is togra comhoibre de chuid IIT agus PTC é seo. D'éirigh go hiontach leis an gcaidreamh seo agus is féidir tuilleadh foirgneamh a thógáil sa limistéar forbartha seo.

**Coigilt Fuinnimh**
D'éirigh go hiontach ar fad le hiarrachtaí de chuid na nEastát ar fhuinneamh a choigilt i 2007 agus i 2008. Thosnaigh an córas ag obair i mí an Mheithimh 2007 agus ón am sin amach laghdaíodh ídiú fuinnimh an Champais Thuaidh gach mí i gcomórtas le taifead ar úsáid an mhí roimis mar a bhí sé i 2006. Go deimhin, is féidir a fheiscint conas a d'éirigh leis sa mhéid go raibh, roimh an gcur i ngníomh i mí an Mheithimh 2006, an t-ídiú ag méadú go seasmhach de 6.1% isteach is amach, gach aon mhí ó mhí Eanáir go mí Bhealtaine (mí Bhealtaine san áireamh). Ar an dtaobh eile tháinig laghdú 11.7% ar an meán ar an ídiú fuinnimh in aghaidh na míosa i ndiaidh an chuir i ngníomh ar an 1ú Meitheamh 2007, agus dob iontach ar fad an laghdú de 19.19% a tháinig ar an ídiú i mí na Nollag 2007.

Bhí an **laghdú de 31%** a tháinig ar an ídiú fuinnimh i mí Bhealtaine 2009 thar barr. Is ionann seo laghdú iarbhír de 50,000 Kwh ar an mbille míosúil. I mí Mhárta 2008 bhí **laghdú 32.5%** ar an ídiú fuinnimh i gcomórtas le mí Mhárta 2007. Bhain bainistíocht na nEastát lán-tairbhe as an Cháisc, tréimhse go raibh an coláiste dúnta, chun an t-ídiú a laghdú tuilleadh.

Tá céimeanna tosaigh glactha ag bainistíocht na nEastát chun Feachtas Feasachta Fuinnimh a chur ar siúl. Ba í an chéad chéim ná suirbhé bonnlíne a dhéanamh ar an bhfoireann maidir lena gcuid smaointe i leith Feasacht Fuinnimh. Tá sin déanta agus thug líon suntasach ball foirne freagra ar an suirbhé ar líne.

Chuaigh rath an Laghdaithe ar Ídiú Fuinnimh a bhain oifig na nEastát amach chomh mór sin i bhfeidhm ar an mBSL gur choimisiúnaigh sé staidéar cáis a bhí le hullmhú go déanach sa samhradh i mbliana. Deineann an BSL staidéar cáis nó dhó in aghaidh na bliana ar chliaint a bhfuil sárthorthaí bainte amach acu i laghdú fuinnimh. D'eagraigh an BSL seoladh oifigiúil staidéar cáis ar rath Roinn na nEastát in ITT i mí na Samhna. Sa pháipéar tabharfar aitheantas do Roinn na nEastát in ITT mar churaidh agus mar dhea-shampla d'eagraíochtaí eile a spreagfadh iad le cúrsaí fuinnimh a chur chun cinn. Dáilfear an páipéar ar 50,000 éigin custaiméir BSL i mí na Nollag. Coinneoidh an BSL an páipéar go ceann dhá nó trí bliana amach anseo agus eiseofar chuig cliaint é go leanúnach agus cuirfear ar fáil é ag seimineáir lucht trádála agus do chustaiméirí a mbeidh an BSL ag freastal orthu. Baineadh coigilteas €60 míle amach ar chostas leictreachais don mbliain de thoradh infheistíochta tosaigh €17 míle a dhein an Institiúid. Cuirtear an coigilteas suas i gcomhair blianta dá éis sa tslí nach mbeidh aon ghá le heisíoc caipitil ansin. Maidir le coigilteas i dtaobh an chomhshaoil, baineadh 230 tonna de CO2 de agus coiglíodh méid fuinnimh ar leor é chun cumhacht a sholáthar do 65 gnáth-thigh ar feadh 12 mí.

**Áis do Shaothrán Cille Mamach**
Fuarthas maoiniú de bhreis is milliún euro ón rialtas chun an áis saotharlainne mhórthaibhseach seo a leagan amach agus a thógáil. Tá sé suite sa Champas Theas. Críochnaíodh an áis seo laistigh de thréimhse ghairid agus d'fhan a chostas laistigh den mbuiséad a bhí aige. Féadfaidh a lucht úsáide seilbh a ghlacadh uirthi i mí Mheán Fómhair 2008.

Páirc Imeartha CLG/Páirc Imeartha Shintéiseach Rubair/Rian Reatha Bhrat gainimh

Tá an Pháirc Imeartha Bhrat Gainimh CLG ar fáil ó dheireadh 2007 i leith agus tá baill d'fhoireann ITT, mic léinn dá cuid chomh maith mórán grúpaí ón dtaobh amuigh ag baint úsáide as an áis ar fad. Cuireadh sconsaí, cuaillí cúil agus bacainní liathróide isteach i ndeireadh mhí Dheireadh Fómhair 2007 ar an mbrat gainimh CLG chun é a ullmhú i gcomhair úsáide mar caitheadh dóthain ama a thabhairt don mbrat féir chun fáis sara bhféadfaí úsáid a bhaint as.

Tá an-éileamh ar an bPáirc Imeartha Shintéiseach. Tá sé siúd in aice leis an mbrat Gainimh CLG cé go bhfuil sé in áit ar leith. Baintear úsáid as go lánaimseartha istoíche agus bíonn an-chuid daoine ag lorg ama ar a sceideal.

Bhí an Rian Reatha Brat Gainimh críochnaithe 100% agus bhí úsáid á bhaint as ag clubanna lúthchleasaíochta áitiúla ó Thrá Lí ar fud na bliana.

**Seomraí gléasta**
D'éirigh le Roinn na nEastát deontas 30% a fháil ó Fhuinneamh Inmharthana Éireann chun 10 bpainéal gréine agus 10 sraith d'fheadáin ghréine a shuiteáil lena soláthraítear uisce teasaí chuig na seomraí gléasta a thacaíonn leis an bPáirc Imeartha CLG/Páirc Imeartha Shintéiseach Rubair/Rian Reatha Brat Gainimh. Tá ag éirí go hiontach ar fad leis an suiteáil seo mar níl gá an coire ola a chur ar siúl ach ar feadh uair amháin sa ló le linn mí na Samhna, mí na Nollag, mí Eanáir, mí Feabhra agus mí na Márta de bharr go nglacann na painéil agus na feadáin fuinneamh isteach gach aon lá agus ní bhíonn gá le forlíonadh ón gcoire ach amháin chun teocht an uisce a thabhairt chuig an airde atá ag teastáil. Sna míonna eile ní bhíonn an coire ag teastáil in aonchor. Ba mhór an bille ola é a bheadh le n–íoc ar son na seomraí gléasta murach suiteáil na bpainéal agus na bhfeadán seo.

**Crèche**

Críochnaíodh an Crèche agus osclaíodh é go déanach i 2008.

**Clár na nOibreacha Samhraidh 2008**

Chríochnaigh Roinn na nEastát 35 tograí ar méideanna éagsúla iad mar chuid d'Oibreacha Samhraidh i 2008.

Chuir an aimsir uafásach isteach ar na hoibreacha ach d'éirigh leis na hoibreacha a críochnaíodh. Ba é luach iomlán na n-oibreacha seo €350,000 gan CBL san áireamh.

## Fiontar

**Fiontraíocht – Clár an Fhiontraí Óig**

**1. An tIonad le haghaidh Fiontraíochta agus Forbairt Fiontair**
Bhí pleananna ar bun i mí Mheithimh 2008 chun Ionad le haghaidh Fiontraíochta agus Forbairt Fiontair a bhunú. Is é is cuspóir don Ionad seo ná pointe lárnach a sholáthar le haghaidh na fiontraíochta ar fud na hInstitiúide Teicneolaíochta Thrá Lí. Is sa phointe seo a thiocfaidh lucht acadúil, mac-chuideachtaí nó mac-fhiontraithe agus mic léinn atá i mbun fiontair le chéile mar aon le gnóthaí tosaigh agus lucht taighde ar mhaithe le staidéar a dhéanamh ar fhiontraíocht agus chun í a chleachtadh.

**2. Clár an Fhiontraí Óig agus na duaiseanna a ghabhann leis**
I mí Mheán Fómhair lainseáladh Clár an Fhiontraí Óig agus na Duaiseanna a ghabhann leis. Leis an gclár nuálaíoch seo tugtar an Fhiontraíocht chuig an oideachas dara agus tríú leibhéil i gcumasc d'ábhar teoirice agus cleachtadh. Cheap Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí, Ionad Gnó Tom Crean, Páirc Theicneolaíochta Chiarraí agus Jerry Kennelly comórtas siollabais agus plean gnó a spreagfadh samhlaíocht fiontraithe atá ag teacht i gcrann agus a thabharfadh rochtain fhíorspeisialta dóibh ar roinnt daoine den lucht gnó is fearr in Éirinn agus ar dhaoine a bheidh ag feidhmiú mar mheantóirí agus mar chomhairligh do mhic léinn agus iad ag gabháil d'fhorbairt a gcuid smaointe. Is den gcéad uair riamh a thugtar cumasc d'fhiontraíocht agus oideachas dá short chuig an seomra ranga in Éirinn. Táthar ag súil go bhforbrófar an clár seo níos faide ná an tréimhse phíolótach ina bhfuil sé faoi láthair sna blianta amach anseo. Sa bhliain 2007 bhí 730 mac léinn cláraithe. Thánadar ó 16 meánscoileanna i gCiarraí agus ón Institiúid féin.

***Imeachtaí a bhí san áireamh***

***Lá na spéire goirme de chuid Clár an Fhiontraí Óig***
Coinníodh Lá na Spéire Goirme in Ionad Comhdhála Bhréanainn ar an 18ú Meán Fómhair. D'fhreastail 750 daltaí 2ra leibhéil agus mic léinn ó ITT air agus d'éirigh go geal leis an ócáid. Thug roinnt daoine mór le rá de lucht gnó na hÉireann cainteanna, Padraig O'Ceidigh bunaitheoir Aer Arann; Brian McCarthy, bunaitheoir FEXCO; John Rice, bunaitheoir JAM Media; Mike Fitzgerald, bunaitheoir Altobridge; Joanne Gardiner, bunaitheoir Elave; Sean Gallagher, bunaitheoir Smarthomes agus Michael Carey, bunaitheoir an Ghrúpa Jacob Fruitfield.

**Campa Aclaíochta Gnó**
Cuireadh Campa Aclaíochta an Fhiontraí Óig ar siúl ar an 1ú Feabhra 2008 in Óstán Bhréannain i dTrá Lí. D'fhreastail 500 mac léinn agus rannpháirtithe cláir air. Bhí Fiontraí Óg na bliana, Oliver Trattan ó VIVAS Health, Aidan Heavy ó Tullow Oil agus Joe Gantly arbh é iar-stiúrthóir bainistíochta ar Apple san Eoraip é i láthair chun éisteacht le mic léinn éagsúla ó cheantar Chiarraí agus iad ag cur chun cinn a gcuid smaointe gnó. Bhí an t-uafás smaointe éagsúla á gcur i láthair idir láithreán éadaí Goth, seirbhís náisiúnta feighil linbh agus plean gnó chun rian aclaíochta ardcháilíochta i dtír-raon nádúrtha na hÉireann a dhearadh agus a thógáil. Thug an tAire Oideachais agus Eolaíochta Máire Ní Ainifín T.D. aitheasc do rannpháirtithe na hócáide, chomh maith.

**Ceardlann Plean Gnó**
D'fhreastail rannpháirtithe ar Cheardlann Plean Gnó ar an 5ú Aibreán 2008 mar ullmhúchán chun Pleananna Gnó a chur isteach ar an 8ú Bealtaine 2008.

**Searmanas Bronnta**
Cuireadh Searmanas Bronnta Clár an Fhiontraí Óig na bliana 2008 ar siúl ar an 23 Meitheamh in Óstán Malton i gCill Airne. Fógraíodh buaiteoirí an chláir 2008. Ba í Neasa Fitzgerald ó Choláiste na Sceilge i gCathair Saidhbhín buaiteoir an chomórtais iomláin. Bronnadh an duais le haghaidh an fhiontraí is fearr sa Triú Leibhéal ar Katie Sheehy.

**Oiliúint do Mhúinteoirí**
Ghlac breis is fiche múinteoir páirt i ndianchlár oiliúna trí lá i mí Lúnasa 2008. Leis an gclár seo tugadh deis dóibh leas a bhaint as foghlaim a bhí bunaithe ar an rannpháirtí agus a bhí dírithe ar roinnt oideolaíochtaí éagsúla a d'fhéadfaí a úsáid i dteagasc na fiontraíochta.

**3. Ionad Tom Crean**
In Ionad Tom Crean táthar ag díriú ar tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí nua-thionscanta teicneolaíochta le linn na tréimhse tosaigh. Tá 14 gnólachtaí nua-thionscanta san Ionad faoi láthair.

Is léir gur deineadh Ionad Fiontraíochta agus Forbairt Fiontair d'Ionad Tom Crean faoin am seo atá ag feidhmiú ar mhaithe leis an Institiúid ar fad. I láthair na huaire cuimsítear idirchaidreamh Ionaid / Óstaigh, is é sin, Clár Ardán Fiontraíochta, Clár an Fhiontraí Óig, Aistriú Teicneolaíochta chomh maith le Cainteanna agus Seimineáir sna gníomhaíochtaí a bhíonn ar bun san Ionad. Tá roinnt gnólachtaí ag imeacht ón Ionad agus tá tuilleadh acu ag aistriú chuig oifigí níos mó san Ionad. Is é an gnó nua-thionscanta fíorshuimiúil is déanaí a chuaigh i mbun oibre san Ionad ná cuideachta darb ainm Digital Carbon Supplychain: Energy Savings (www.dcenergysavings.com). Infheistíocht nua de chuid fiontraithe KTP is ea í.

Bhí an Dr. Shoumen Datta, Co-bhunaitheoir agus Stiúrthóir Taighde ar Fhóram MIT um Nuálú Slabhra Soláthair atá bunaithe in ITT ina óstach ar cheardlanna a thug Sir Clive Granger, Buaiteoir Duais Nobel i 2003 agus an tOllamh Andy Fire, Buaiteoir Duais Nobel san Leigheas i 2006.

**4. An Clár Ardán Fiontair**
Cuireadh tús le Clár Ardán Fiontair Chiarraí I mí Mheithimh 2008. Tá d'aidhm ag an gclár seo oiliúint fhoirmiúil a chur ar fáil d'fhiontraithe a bhfuil céim bainte amach acu i ngach gné de ghnó agus é seo a dhéanamh i dtimpeallacht líonraithe. Maireann an clár Ardán Fiontair ar feadh bliana amháin.

Díríonn an clár ar fhorbairt an fhiontraí mar cheannaire agus úsáidtear clár idirghabhálacha agus oiliúna atá dírithe ar fhorbairt phearsanta. Táthar ag súil go gcuirfidh idirghabhálacha dá sórt le cumas na bhfiontraithe a ghlacann páirt dul i ngleic le ceannaireacht ghnó i dtimpeallacht domhanda dhinimiciúil.

I ndeireadh an chláir beidh plean gnó atá réidh d'infheisteoirí déanta ag gach rannpháirtí. Beidh margaíocht chuí agus straitéiseacha maidir le hairgeadas, oibriúchán agus acmhainní daonna san áireamh sa phlean chomh maith le líne ama agus plean um chur i ngníomh.

Tá deich gcuideachtaí rannpháirteach sa Chlár Ardán Fiontair i réimsí éagsúla gnó. Tá gach ceann díobh sa tréimhse thosaigh dá bhforbairtí gnó agus tá bearnaí aitheanta ag na tionscnóirí ina gcuid eolais ghnó atá á líonadh acu trí páirt a ghlacadh sa chlár. Tá maoiniú CORD ó Fhiontar Éireann ceadaithe do thrí cinn den deich gcuideachtaí rannpháirteacha. Is é luach an mhaoinithe €38,000 in aghaidh na cuideachta.

## Tuarascáil ar Ghníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

**Mic Léinn ag teacht isteach**
D'fháiltigh IT Thrá Lí roimh 158 mic léinn idirnáisiúnta i 2007/2008 ó Institiúidí comhpháirtíochta mar aon le 6 mic léinn ó Dhaonphoblacht na Síne agus mac léinn amháin ó Ríocht na hAráibe Sádaí.

| Clár Céime | Bliain | Mic Léinn |
|---|---|---|
| Baitsiléir Ealaíon (Onóreacha) i mBainistíocht Fáilteachais | 4 | 3 |
| Baitsiléir Gnó (Onóracha) i gCuntasaíocht | 4 | 6 |
| Baitsiléir Gnó (Onóracha) i mBainistíocht | 4 | 1 |
| Baitsiléir Gnó (Onóracha) i Margaíocht | 4 | 5 |
| Baitsiléir Gnó i mBainistíocht | 3 | 15 |
| Baitsiléir Gnó i Margaíocht | 3 | 13 |
| Baitsiléir Gnó i dTurasóireacht | 3 | 2 |
| Baitsiléir Inn. in Innealtóireacht Mheicniúil agus Leictreach | 3 | 1 |
| Baitsiléir Inn. in Innealtóireacht Mheicniúil agus Leictreonach | 3 | 1 |
| Baitsiléir Inn. in Innealtóireacht Táirgíochta | 3 | 3 |
| Baitsiléir Eol. sa Ríomhaireacht i bhForbairt Bogearraí | 3 | 1 |
| Baitseiléir Eol. (Gnáthchéim) i dTacaíocht Teicneolaíocht an Eolais | 3 | 1 |
| Baitsiléir Eol. (Gnáthchéim) i bhForbairt Bogearraí | 3 | 8 |
| Baitseiléir Eol. (Onóracha) i bhForbairt Bogearraí | 4 | 1 |
| Ardteastas Gnó | 2 | 3 |
| Baitsiléir Eol. sa Ríomhaireacht Forbairt Cluichí | 1 | 2 |
| Máistreacht Eol. sa Ríomhaireacht | | 1 |
| Baitseiléir Gnó i dTurasóireacht | 1 | 1 |
| Baitsiléir Gnó (Onóracha) | 1 | 1 |
| | | 69 |

**Erasmus Measctha**
Thóg an 89 mic léinn sa chlár 'Erasmus Measctha' rogha ábhar i gcomhair creidiúna acadúla ó chláracha sa Scoil Ghnó agus Staidéir Shóisialta, ó Eolaíocht agus Ríomhaireacht agus ó Innealtóireacht agus Staidéar Foirgníochta. Tháinig na mic léinn seo ó institiúidí comhpháirtíochta sa bhFionlainn, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, sa Liotuáin, sa Phólainn, san Iodáil, san Ísiltír, sa tSlóvaic, sa Spáinn agus sa tSualainn.

**Mic Léinn ag dul amach - Staidéar**
Ghlac triúr mac léinn páirt i Soghluaiseacht Mac Léinn de chuid Erasmus. Ba iad seo a leanas na háiteanna a ndeachadar: Ollscoil Humbordt i mBeirlín, An Ghearmáin (1), agus Ollscoil Parma san Iodáil.

**Mic Léinn ag dul amach – Socrúchán Oibre**
Ghlac beirt mhac léinn páirt i Soghluaiseacht Socrúchán Oibre de chuid Erasmus. Bhí an bheirt ag obair i bhfiontair i Londain, duine amháin i Paramount Pictures agus an duine eile i Videoplugger.

**Baill den bhfoireann ag dul amach**
Chaith cúigear d'fhoirne na Scoile Gnó agus Staidéar Sóisialta agus na Scoile Eolaíochta agus Ríomhaireachta seachtain ag múineadh in institiúidí comhpháirtíochta mar a thaispeántar anseo thíos:

| *Ceann scríbe* | *Disciplín* | *Baill Foirne* |
|---|---|---|
| *An Fhionlainn* | *Gnó* | *1* |
| *An Fhionlainn* | *Léann Daonna* | *1* |
| *An Ghearmáin* | *Léann Daonna* | *1* |
| *An Ghearmáin* | *Altranas* | *1* |
| *An Liotuáin* | *Léann Daonna* | *1* |



**Baill den bhFoireann ag teacht isteach**
Bhí an institiúid ina hóstach do bhaill den bhfoireann teagaisc ó institiúidí comhpháirtíochta sa Bheilg, sa bhFrainc, sa Ghearmáin, sa bhFionlainn, sa Spáin agus san Tuirc. As an ngníomhaíocht seo lean forbairtí leantacha ar mhodheolaíocht teagaisc agus ar ábhar teagaisc araon. Ar na disciplíní atá i gceist áirítear Gnó, Innealtóireacht, Turasóireacht, Teangacha agus Eolaíocht Ríomhaireachta. Bhí an institiúid ina hóstach do chuairteanna ó chomhpháirtithe thar lear d'fhonn feabhas a chur ar chomhar i dtaighde, i bhforbairt curaclaim agus chomhthograí.

**Dianchlár**
Ghlac triúr de mhic léinn ITT páirt i ndianchlár idirnáisiúnta i dTF i gcomhair margaíocht idirlíon coinbhéirseachta agus bainistíocht ríomh-ghnó ag Polaiteicnic Pirkanmaa sa bhFionlainn i mí Aibreáin '08.

## Foghlama Ar feadh an tSaoil

**Cúrsaí Páirtaimseartha 2007/2008**

**Athcoimre ar Chúrsaí Foghlama Ar feadh an tSaoil**

| ***Teideal an Chláir*** | ***Líon atá ag freastal air*** | ***Institiúid Dámhachtana*** |
|---|---|---|
| Baitsiléir Gnó i mBainistíocht Miondíola | 10 | ITT |
| Bunteastas i Staidéar Gnó agus Pobail | 4 | ITT |
| Oiliúint Meastóra le haghaidh Rátáil Fuinneamh Foirgnimh | 31 | ITT |
| Baitsiléir Eol. (Onóracha) san Altranas (Trá Lí) | 80 | ITT |
| Baitsiléir Eol. (Onóracha) san Altranas (Beanntraí) | 17 | ITT |
| Baitsiléir Eol. (Gnáthchéim) san Altranas | 7 | ITT |
| Staidéar Rochtana, Beanntraí | 17 | ITT |
| Baitsiléir Eal. (Onóracha) i Staidéar Pobail | 10 | ITT |
| Ardteastas i gCóras Faisnéise Oifige | 4 | ITT |
| Teicneoir Cuntasaíochta – Bliain 1 | 6 | CCCD |
| Teicneoir Cuntasaíochta – Bliain 2 | 15 | CCCD |
| Teastas IMI i mBainistiú Túslíne | 3 | IMI |
| Díoplóma i nDearadh Intí | 10 | Limperts Academy of Design |
| ***Iomlán*** | ***214*** | |

## Gníomhaíochtaí Margaíochta

**1. Comóradh 30 bliain na hInstitiúide Teicneolaíochta Thrá Lí**
Bhí na daoine seo a leanas ar choiste an cheiliúradh 30 bliain: James Barry, Dick Carmody, Martina

Culloty, Donal Fitzgibbon, Josephine Hanafin, Anne Looney, Brita Lyons, Norma O'Brien, Siobhan O'Connor, Michael O'Callaghan, Mary Rose Stafford, Mary Warner agus Kathrina Purtill.

Eagraíodh a lán imeachtaí éagsúla do na mic léinn, don bhfoireann agus don bpobal áitiúil ó mhí Feabhra 2008 go mí Mheithimh 2008.

Thug an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Máire Ní Ainifín T.D. cuairt ar an Institiúid Dé hAoine 22ú Feabhra chun an Clár Comóradh 30 bliain a oscailt go hoifigiúil agus chun forbairt na Leabharlainne agus Ionad Eolas Acmhainne a aithint go hoifigiúil.

**Áiríodh iad seo a leanas ar Chlár na n-Imeachtaí:**

**Comórtas Ealaíne an Chomóradh 30 Bliain do pháistí**
Ba é téama an chomórtas ealaíne do bhunscoileanna ná 'Nuair a bheidh mé mór'. Spreagadh na páistí leis an ábhar a léirmhíniú chomh saor agus ba mhian leo – plé a dhéanamh ar a gcuid pleananna gairme, dóchas atá acu maidir leis an todhchaí, a gcuid smaointe faoin domhan mar a bheidh sé, dar leo, san am atá le teacht. Bhí ceithre chatagóir sa chomórtas agus fuair gach buaiteoir rothar chomh maith le ceacht ealaíne dhá uair an chloig le healaíontóir gairmiúil dá rang. Cuirfear gach saothar ealaíne buaiteach i bhfráma agus cuirfear ar thaispeáint é sa leabharlann nua nuair a bheidh sí tógtha.
Ba iad seo a leanas breithimh an chomórtas ealaíne: Kate Kennelly, Oifigeach Ealaíne Chomhairle Chontae Chiarraí; An tEalaíontóir John Hurley; An tEalaíontóir Mary Neville; An tEalaíontóir agus duine d'fhoireann ITT Kate Palmer; Rosalyn Hayes, Mac léinn ITT, B.Eal. (Onóracha) in Ilmheáin Idirghníomhacha. Bronnadh na duaiseanna ar an Aoine, 13ú Meitheamh, 2008.

**Sraith Cainteanna agus Seoladh Leabhair an Comóradh 30 Bliain: Fergus Finlay, POF Barnardos (2ú Aibreán)**
'From Poverty to Hope' ba é téama na léachta a thug an tUas. Fergus Finlay. I ndiaidh na léachta sheol an tUas. Finlay leabhar Choilm O'Doherty dar teideal 'A New Agenda For Family Support - Providing Services That Create Social Capital'.

**3Sraith Cainteanna an Chomóradh 30 Bliain: Beartas Sláinte, An Dr. Maurice Nelligan (7ú Aibreán)**
Thug an Dr. Nelligan léargas ar Bheartas Sláinte do mhic léinn agus do bhaill foirne ina léacht a thug sé sa bhfoirgneamh BIT.

**Seirbhís idirchreideamh an Chomóradh 30 bliain (9ú Aibreán)**
Reáchtáladh seirbhís idirchreidimh do bhaill foirne agus do mhic léinn an hITT nach maireann. Ba iad an tAth. Kevin Sullivan agus an tUrr. Joe Hardy a cheiliúir an tseirbhís.

**Imeacht de chuid an Chomóradh 30 bliain: Oíche leis na Kerry Legends (17ú Aibreán)**
Thug an Institiúid onóir do na Kerry Legends Mick O'Dwyer, Micháel Ó Muircheartaigh agus Mick Galwey tri oíche a chur ar siúl in ómós dóibh. Labhair an triúr laoch faoina gcuid tuiscint ar dhomhan an spóirt ag léacht fleáchais a bhí mar thráth na gceist. Ba é Colm O'Connor, Leas-eagarthóir Spóirt an Irish Examiner a bhí mar Stiúrthóir Féile ar an oíche. I ndiaidh an seisiúin a mhair ar feadh dhá uair an chloig bhí ócáid cosúil le Tráth na gCeist ar siúl inár thug gach aon den triúr a chuid tuairimí ar ábhair éagsúla agus bhí an lucht éisteachta in ann ceisteanna breise a chur orthu, chomh maith.

**Tráth na gCeist na Scoileanna an Chomóradh 30 bliain: 'Dúshlán ITT' (23ú Aibreán)**
Eagraíodh comórtas réiteach fadhbanna dar teideal 'Dúshlán ITT' do dhaltaí an 1ú agus an 2ú bliain ó iarbhunscoileanna an réigiúin mar chuid de Chlár an Chomóradh 30 bliain. Bhuaidh foireann triúr ó Choláiste Hazelwood i nDrom Collachair, Co Luimnigh, an 'Dúshlán ITT'. Ba í an duais a tugadh don bhfoireann bhuaiteach ná éarlaisí leabhair dar luach €50 chomh maith le ríomhaire glúine Dell agus clódóir dar scoil.

**Imeacht de chuid an Chomóradh 30 bliain: Blas Chiarraí: (24ú Aibreán)**
**Tháinig seisear príomhchócairí a fuair a gcéimeanna san Institiúid ar ais go dtí an Institiúid chun béile sainiúil** dá c(h)uid a dhéanamh i mórócáid chócaireachta aonuaire. Tugadh fáltais ar fad na hoíche seo do cheithre cinn d'eagrais charthanachta: Seirbhísí Tacaíochta & Tearmann na mBan i gCiarraí; Fondúireacht Óispíse Chiarraí; Clár dífhibrileora do Phobal Uíbh Ráthaigh agus Clár Misinéirí Deonacha Viatores – go sonrach: Misean Angela Keane i Huamanga, i bPeiriú. Bean ó Chiarraí is ea Angela Keane.

Imeacht de chuid an Chomóradh 30 bliain: Ócáid Scoir agus Seirbhís 30 bliain (24ú Aibreán)
Reáchtáladh ócáid in ómós do Dick Carmody a chuaigh ar scor agus chun 30ú Comóradh bliana na hInstitiúide cheiliúadh. Tugadh bronntanas do bhaill foirne a bhfuil níos mó na 30 bliana curtha isteach i seirbhís na hInstitiúide.

**Imeacht de chuid an Chomóradh 30 bliain: Lón an Uachtaráin le Céimithe (13ú Bealtaine)**
Bhí Lón an Uachtaráin ar siúl i mí Bhealtaine. Tháinig breis is 20 céimí ó laethanta tosaigh na hInstitiúide chun bualadh le comhdhaltaí agus le léachtóirí a bhí acu an tráth sin. Bhí gach aoinne an-shásta leis an ócáid. Thug an tUachtarán grianghrafanna cuimhneacháin den lón do na mic léinn ar fad.

**Imeacht de chuid an Chomóradh 30 bliain: Ceardlann Foilsiú Leabhair & Seoladh Leabhair (4ú Meitheamh)**

Ba é 'Pioneers and Pints: The crusade against drink in twentieth century Ireland' téama na léachta a thug Diarmuid Ferriter. Ina dhiaidh na léachta sheol an tUas. Ferriter foilseacháin de chuid Peter Van der Kamp ar léachtóir in ITT é: In Train (Salmon Publishing) agus Irish Literature.

**Imeacht de chuid an Chomóradh 30 bliain: Cóisir Fhleáchais (14ú Meitheamh)**
Mar cheiliúradh an comóradh 30 bliain bhí cóisir fhleáchais ag Teicneolaíochta Thrá Lí in Óstán Bhréannain i dTrá Lí Dé Sathairn 14ú Meitheamh. D'fhreastail na haoíonna agus na baill foirne ar an gcóisir gurb í an ócáid dheiridh í de chomóradh 30 bliain na hInstitiúide mar institiúid ardoideachais atá ag fónamh do phobal Chiarraí agus do phobal na gceantar lastall de Chiarraí.
Áiríodh i measc na n-aoíonna speisialta; chéad chathaoirleach an Bhord Stiúrtha, Fachtna O'Reilly; Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Seirbhís Oideachais Chiarraí, an Dr. Barney O'Reilly; Dick Chute, iar-Leasphríomhoide Coláiste Phobal Thrá Lí agus Billy Curtin, Príomhoide Coláiste Phobal Thrá Lí. Ina dteannt sin tháinig méara Thrá Lí, Miriam McGillycuddy atá ag dul as oifig agus Ted Fitzgerald, méara Thrá Lí a bheidh ag dul isteach in oifig. Chomh maith leis sin tháinig Maurice O' Connor, Cathaoireach ar Ionad Nuálaíochta Chiarraí agus Caitriona Ni Chullota, Bainisteoir Ionad Oideachais Chiarraí.

**2. Seirbhísí Oideachais Chiarraí agus ITT: Seoladh Meamram Tuisceana**

Díol suntais i stair an oideachais i gCiarraí ab ea Dé Luain an 24ú Meán Fómhair 2007 sa mhéid gur cuireadh lámh le Meamram Tuisceana idir Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí agus Seirbhísí Oideachais Chiarraí. Tá de chuspóir ag an Meamram Tuisceana comhar agus comhpháirtíocht idir an dá eagraíocht a chur chun cinn tuilleadh agus, ar an gcuma seo, a chinntiú go mbainfaidh Seirbhísí Oideachais agus ITT araon a gcuid aidhmeanna straitéiseacha ráite amach.

**3. Tús le Cláracha Nua:**

**Máistreacht i Riarachán Gnó**
Cuireadh tús le Clár Máistreachta i Riarachán Gnó ar an 8ú Deireadh Fómhair le seimineáir ceannaireachta. Áiríodh ar na cainteoirí Dick Spring, Leas-Chathaoirleach, FEXCO; Terry Wade, Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn; Hugh Friel, POF, Kerry Group. Thug an tUachtarán bronntanas do Hugh Friel as ucht é a bheith ag dul ar scor go luath.

**Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBitheolaíocht Fhiadhúlra & Ardteastas Eolaíochta i Staidéar Bitheolaíochta agus Comhshaoil**
Chuir Institiúid Teicneolaíochta tús le dá chúrsa nua i mBitheolaíocht Fhiadhúlra Dé Céadaoin 24ú Meán Fómhair i dTigh Mhucrois, Cill Áirne. Sheol an Bitheolaí Eanna Ní Lamhna, Uachtarán An Taisce na cláracha nua go hoifigiúil. Ní raibh a leithéid de chúrsaí ar fáil riamh agus is céim mhór nua chun tosaigh don Institiúid iad. Cúrsa Baitsiléara Eolaíochta (Onóracha) i mBitheolaíocht Fhiadhúlra a mhaireann ar feadh ceithre bliana agus cúrsa Ardteastais Eolaíochta dhá bhliana i Staidéar Bitheolaíochta agus Comhshaoil a bhí sna cúrsaí nua seo.

**Scéim Oiliúna an Iardheiscirt do Dhochtúirí Ginearálta**
Cuireadh tús le scéim oiliúna nua do dhochtúirí ginearálta a cáilíodh le déanaí sa bhFoirgneamh Sólás ar an 19ú Márta. Déanfaidh an scéim éascaíocht do dhochtúirí cáilithe i gCiarraí sa tslí gur féidir leo oiliúint a fháil chun stádas Dochtúra Ghinearálta a bhaint amach i gCiarraí agus i dtreo nach mbeidh orthu turasanna fada a dhéanamh nó imeacht ón mbaile. Is comhlánú foirfe í an scéim do chlár an Oideachas Cúram Sláinte, clár atá á thairiscint san Institiúid cheana. Bainfidh na dochtúirí ginearálta tairbhe as na háiseanna ina n-áirítear saotharlanna agus téatair léachta sa bhFoirgneamh Sólás agus as an leabharlann nua. Feabhsóidh an scéim seo líon na ngníomhaíochtaí i réimse an chúraim shláinte agus i réimsí gaolmhara atá ar siúl san Institiúid, líon atá ag dul i méid de réir a chéile agus cuirimid fáilte roimpi.

**4. Comhdhálacha**

**Comhairle Idirnáisiúnta um Cheol Traidisiúnta – Siompóisiam Bliantúil i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Thrá Lí**
Bhí an Institiúid ina hóstach don gComhairle Idirnáisiúnta um Cheol Traidisiúnta ag an tríú siompóisiam bliantúil in Éirinn a coinníodh ar an 29ú Feabhra 2008. Cuireadh an Chomhairle ar bun sa bhliain 2006 chun tacú le staidéar acadúil ar eitnicheoleolaíocht agus ar dhisciplíní gaolmhara cosúil le hantraipeolaíocht agus ar bhéaloideas in Éirinn. D'fhreastail breis is 50 duine acadúil ó Éirinn ar an siompóisiam san Institiúid, ócáid lenar tugadh ómós do Tom Munnelly gurbh é an bailitheoir amhrán tíre agus béaloideasa ba thábhachtaí in Éirinn é, as ucht dá bhfuil curtha aige leis an gceol traidisiúnta agus dá bhfuil bainte amach aige ina leith. Bhí téama na comhdhála dírithe ar an 'Obair Allamuigh' agus ba í an Dochtúir Ríonach Uí Ógáin ó Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath a thug an príomhaitheasc dar teideal 'A Dub in Clare - Tom Munnelly, Folklore Collector'. Chuir Pat McGarty, Ceann Roinn an Léinn Dhaonna agus an Staidéir Shóisialta, IT Thrá Lí fáilte roimh na rannpháirtithe.

**Comhdháil an Ionaid um Chórais Nuálaíochta agus Dáilte – An leor Giotáin agus Adaimh a nascadh?**
Reáchtáladh an ócáid seo ar an 22 Aibreán. D'eagraigh an Institiúid í i gcomhar leis an bhFóram MIT um Nuálú Slabhra Soláthair. Tugadh an deis don lucht freastail éisteacht le hardcheannairí tionscail a bhí ag caint faoi eabhlóid na slí ina bhféadtar sonraí agus faisnéis a fhaightrst trí RFID agus braiteoirí a chur chun tairbhe.

Áiríodh iad seo a leanas ar na cainteoirí: An Dr. Shoumen Datta, MIT; An Dr. Joseph Salvo, Stiúrthóir ar Pervasive Decision Lab, GE Global Research Headquarters (Nua Eabhrac); An Dr. Robbert Kuppens, CIO agus an tUas. Ian Kennedy, Stiúrthóir Bainistíochta, CISCO (An Eoraip); An tUas. Mike Fitzgerald, POF, Altobridge; agus an tUas Mick Keyes, HP (Éire).

Cuireadh léiriú ar RFID, ar Bhraiteoirí, ar Chóras Suite Domhanda (GPS) agus ar Chóras Domhanda do Chumarsáid Mhóibíleach ar siúl i gcomhar le deichniúr daltaí ó Mercy Mounthawk, Trá Lí.

**Comhdháil Geoiméidreachta na hÉireann 2008**

Reáchtáladh 6ú Comhdháil Geoiméidreachta na hÉireann in Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí ón 12ú – 13ú Bealtaine. Tá réimse taighde na geoiméidreachta ag fás in Éirinn agus eagraíodh an ócáid seo i gcomhar le Coláiste Mhuire gan Smál i Luimneach (mar chuid d'fhorbairt níos mó ar chomhar leis an gColáiste seo). Ba iad na príomheagaithe ó ITT ná an Dr. Brendan Guilfolye agus Madeeha Khalid. Bhí cainteoirí láidre náisiúnta agus idirnáisiúnta i láthair inár áiríodh: Fabrizio Catanese: Ollscoil Bayreuth, An Ghearmáin; Colin Ingalls: Ollscoil New Brunswick, Ceanada; Madeeha Khalid: Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí; Hannah Markwig: Ollscoil Michigan, SAM; Benjamin McKay: Coláiste Ollscoile Chorcaí; Katrin Wendland: Ollscoil Augsburg, An Ghearmáin; agus Dmitry Zaitsev: Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Ba é an Ciste um Nuálaíocht Straitéiseach a thacaigh leis an gcomhdháil agus a dhein airgeadú uirthi.

**An 4ú Comhdháil Bhliantúil um Thaighde Turasóireachta & Fáilteachais in Éirinn.**

Bhí an Roinn Óstáin, Lónadóireachta agus Turasóireachta in Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí ina hóstach ar an 4ú Comhdháil Bhliantúil um Thaighde Turasóireachta agus Fáilteachtas ar an 10ú agus 11ú Meitheamh 2008. Ba é "Reflections: Irish Tourism & Hospitality – A Success Story" teideal na comhdhála.
Tháinig breis is 100 toscaire ó Éirinn agus ón RA chuig an gcomhdháil. Ba é Hugh Friel, Cathaoirleach Tourism Ireland, a d'oscail an Chomhdháil agus thug na daoine seo a leanas na príomhchainteanna: an tOll. John Tribe (Ollamh le Turasóireacht, Ollscoil Surrey); An Dr. Claudia Green, (Stiúrthóir Feidhmiúcháin don Ionad um Fhorbairt Gnó Idirnáisiúnta, Nua Eabhrac); Eamon McKeon (Cónaidhm Tionscal Turasóireachta na hÉireann); Dick Spring (Leaschathaoirleach Feidhmiúcháin, Fexco Holdings); Brendan Curtis, (Príomhfheidhmeannach, Choice Hotels) agus Tony Donovan (Comhairleoir Sinsearach i pro-poor sustainable tourism development i Lao).
Chuir lucht acadúil agus cleachtóirí Turasóireachta & Fáilteachais taighde i láthair a spreag díospóireacht faoi shaincheisteanna ar díol suime iad don tionscal.

**Fóram um Thaighde ar Rince – an 2ú Comhdháil Idirnáisiúnta in Éirinn, 2008: Cumarsáid agus Rince**

Bhí IT Thrá Lí ina hóstach ar 2ú Comhdháil Idirnáisiúnta de chuid Fóram na hÉireann um Thaighde ar Rince ón 26ú -29ú Meitheamh agus d'éirigh go hiontach ar fad léi. Ba iad na daoine seo a leanas a thug aithisc oscailte na comhdhála: Patrick McGarty, Ceann Roinne, IT Thrá Lí, An Dr. Catherine Foley, Cathaoirleach ar Fhóram um Thaighde ar Rince in Éirinn agus Sharon Phelan, Léachtóir le Rince in IT Thrá Lí chomh maith le heagraí áitiúil; agus an Dr. Andree Grau, ó Ollcsoil Roehampton i Londain.

Thaisteal lucht acadúil rince ó shuíomhanna éagsúla ina n-áirítear Ollscoil Hope, Learpholl, Lárionad Ceoil Dhomhanda agus Rince, Ollscoil Luimnigh; Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath; Ollscoil Surrey; Institut de Recherche sa Fhrainc, Coláiste Ollscoile Chorcaí, Royal Academy of Dance, London, Ollscoil na Banríona, Ollscoil Mhanchain, Ollscoil Stáit Connecticut.

Ba éagsúil agus ba shuimiúil an t-ábhar é a chuir na toscairí leis an gcomhdháil. Chuireadar ceardlanna praiticiúla ar siúl agus tugadar páipéirí acadúla. Cuireadh ceadlanna rince na linne seo, bailé agus rince tíre ar siúl. Láithrigh Darragh Carr, Ollamh le Rince in Ollscoil Hofsta taispeántas léachta a bhí dírithe ar Rince Chnagtha agus thug Myriam Trembley, Ollamh le Rince i Montreal taispeántas léachta a bhí dírithe ar Rince Chomhaimseartha Laban. Léirigh an máistir rince áitiúil, Jimmy Smith, stíl rince Molyneaux ó Chiarraí Thuaidh agus léirigh toscairí faoi stiúir Dorothea Hast, (Ollamh i gConnecticut Thoir), Rince Contra ó Shasana Nua. Cuireadh críoch leis an lá ar an Aoine le ceardlann Salsa a thug Oscar Masceranas, (Ollscoil Luimnigh).

**Comhdháil faoi Thuistiú ár gcuid Leanaí**

Tháinig breis is 100 tuismitheoir, leanaí agus daoine gairme cúram sláinte le chéile ag IT Thrá Lí i gcomhair na comhdhála "Ag tuistiú ár gcuid Leanaí – Comhdháil Ealaíne agus Eolaíochta' Dé Sathairn 9ú Feabhra. Thug an Dr. Kate Byrne ar síceolaí cliniciúil chomh maith le máthair seachtar páistí í, dá cuid saineolais ar theoiric agus ar chleachtas a ghabhann le tuistiú freagrúil. Ba é an grúpa deonach La Leche League a d'eagraigh an chomhdháil i gcomhair leis an Roinn Obair Phobail, FSS an Deiscirt agus le Roinn an Altranais agus an Staidéar Cúram Sláinte IT Thrá Lí.

**5. Feachtais Margaíochta**

**Feachtas Earcaithe Fochéimithe**

Reáchtáladh réimse leathan gníomhaíochtaí le linn na bliana acadúla 2007/2008 chun mic léinn fochéime a earcú a thiocfadh i mí Mheán Fómhair 2008.

Thug an Oifigeach Idirchaidreamh Scoile cuairt ar 56 scoileanna i scoilcheantar na hInstitiúide. Tugadh cuairt ar na scoileanna seo a leanas: An Daingean, Bóthar Buí, Lios Tuathail, Mainistir na Féile, Caisleán Ghriaire, anTóchar, Trá Lí, Maigh Chromtha, Cill Orglain, Oileán Chiarraí, Cill Airne, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo, Baile an Bhuineánaigh, Cloch na Coillte, An Néidín, An Sciobairín, An Tulach, Baile Mhistéala, Inis Díomáin, Inis, Eochaill, Coill Fionáin, Baile a' Mhuilinn, An Rath Mór, Cathair Samháin, Bóthar na Trá Móire, Corcaigh agus an Caisleán Nua.

D'fhreastal an Institiúid ar roinnt imeachtaí gairme ar fud an réigiúin agus go náisiúnta chun suim a spreagadh i ndaltaí ardteistiméireachta. Áiríodh Taispeántas Gairme Shliabh Luachta, Taispeántas na nArdroghanna, Aonach Gairme Bhréannain, Aonach Gairme an Lár-iarthair agus Aonach Gairme Chorcaí ar na imeachtaí ag a raibh ionadaíocht ag an Institiúid.

Reáchtáladh roinnt imeachtaí do mhúinteoirí agus do dhaltaí ag an Institiúid d'fhonn tuilleadh eolais a chur ar fáil faoi chláracha agus áiseanna nua: Reáchtáladh an ***Lá Eolais Bliantúil do Phríomhoidí agus Comhairleoirí Gairme*** ar an 10ú Deireadh Fómhair agus bhí ionadaíocht mhaith ag na scoileanna áitiúla ag an ócáid.

Reáchtáladh ***Lá na nGairmeacha Sláinte agus Fóillíochta*** bliantúil ar an 19ú Feabhra. Labhair roinnt daoine a fuair céim ón Roinn seo roimhe faoina gcuid taithí agus eispéireas agus mhíníodar líon mór na roghanna atá ag céimithe an chláir seo. D'fhreastail roinnt comhairleoirí gairme ar an ócáid.

D'eagraigh Roinn na Faisnéise Gnó ***Ceardlann Ilmheáin*** ar an 24ú Eanáir do dhaltaí a chuireann suim i ngairm sna hilmheáin. D'fhreastail breis is 50 dalta ó scoileanna dara leibhéil agus ó sholáthraithe cúrsaí iar-ardteistiméireachta i gCiarraí, i gCorcaigh agus sa Chlár ar an ócáid. Sa cheardlann pléadh ábhair ar nós Dearadh Grafach, Craoladh Meáin, Teicneolaíocht Ilmheáin, Sruth Forbairt Idirlín, Staidéar Scannáin, Teicneolaíocht an Cheoil agus Staidéar Gnó. Bhí an deis ag na daltaí aithne a chur ar na háiseanna i Stiúideónna Teilifíse agus Raidió na hInstitiúide agus bhuaileadar le léachtóirí agus le mic léinn reatha chomh maith.

***Seachtain Mata*** Reáchtáladh an tseachtain mata le linn mí Dheireadh Fómhair agus d'éirigh go hiontach leis an dá ghníomhaíocht a ghabh leis an tseachtain. Bhíodar ar siúl ar an 17ú agus an 18ú Deireadh Fómhair agus d'fhreastalaíodar ar dhaltaí bunscoile agus meánscoile agus ar a gcuid teaghlach. Fuathas aiseolas fíormhaith sa mhéid gur ghlac gach aoinne páirt agus gur iarradar orainn tuilleadh seisiún a chur ar siúl.

***Lá Oscailte 2007*** Reáchtáladh Lá oscailte ar an Luan 19ú Samhain. D'fhreastail 28 scoileanna air agus bhí deis ag mic léinn ionchasacha comhairle agus scracfhéachaint phraiticiúil a fháil ar gach gné den Institiúid, idir chúrsaí agus áiseanna spóirt agus na saghsanna socrúcháin oibre atá ar fáil.

***CAO Campaign***
Feachtas na Lároifige Iontrála
Cuireadh tús leis an bhfeachtas margaíochta/comhairliúcháin d'fhochéimithe i mí na Nollag le fograí ar Raidió Chiarraí, fógráin scoláireacht spóirt agus póstaeirí a seoladh chuig scoileanna. I mí Eanáir cuireadh mír sna páipéirí nuachta an réigiúin agus deineadh fógraíocht ar Spin South West agus ar Raidió Chiarraí. Leagadh béim ar chláracha nua atá ar thairiscint do mhic léinn a thiocfaidh i mí Mheán Fómhair 2008.

***An Lároifig Iontrála - Athrú Aigne***
Bhí feachtas ar siúl le linn mí an Mheithimh chun an Institiúid a chur chun cinn. Ba é téama an fheachtais ná "Why not make IT, Tralee Your Top Choice?" (Cén fáth nach roghnófá IT Thrá Lí ar dtús?). Tá rogha i bhfad níos mó in IT Thrá Lí i 2008. Baineadh úsáid as na meáin réigiúnacha inár áiríodh páirpéirí nuachta agus raidió, chun an feachtas seo a reáchtáil. Thacaigh eisiúintí preasa faoin na cláracha nua leis an méid seo.

***Feachtas maidir le háiteanna folmha***
Reáchtáladh feachtas gairid ar an raidió áitiúil chun aire a dhíriú ar áiteanna a bheidh ar fáil ar chláracha ó Mheán Fómhair 2008 ar aghaidh san Institiúid.

***Feachtas Earcaíochta Iarchéimithe***
Bhí an feachtas iarchéimithe ar siúl ó mhí Aibreáin go tosach mhí an Mheithimh. Mar chuid den bhfeachtas cuireadh cláracha chun cinn i bhfógraí páipéar nuachta sa Kerryman, i Kerry's Eye agus sa Vale Observer. Cuireadh feachtas póstaeir ar siúl ar an dá champas chun cláracha a chur chun cinn.

***Idirchaidreamh Poiblí***
Ceapadh Gníomhaireacht nua Idirchaidrimh Phoiblí, Pembroke Communications, d'fhonn próifíl náisiúnta na hInstitiúide a mhéadú. Baineadh seo amach trí ghníomhaíochtaí éagsúla a bhí ar siúl le linn 2007/2008. D'éascaigh Pembroke roinnt agallamh leis na meáin náisiúnta i gcomhair gníomhaíochtaí éagsúla. Cuireadh oiliúint sna meáin ar siúl i mí na Samhna. Dhein teagascóir seachtrach ó Pháirc Theicneolaíochta Chiarraí éascaíocht don oiliúint seo a bhí ar siúl d'ionadaithe Foireann Feidhmiúcháin na hITT. Foilsíodh gné-agallamh le Michael Carmody, Uachtarán na hInstitiúide, i Rannán Airgid agus Post an Irish Examiner le linn mí Feabhra 2008. San agallamh deineadh plé ar na dlúthnascanna atá ag an Institiúid leis an tionscal, go háirithe le Páirc Theicneolaíochta Chiarraí.

**Brandáil agus Glaoch Tairisceana Idirchaidrimh Phoiblí**
I mí Mheán Fómhair bronnadh an conradh le haghaidh Forbairt Branda, Cumarsáid agus Straitéis Idirchaidrimh Phoiblí d'Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí ar Creative Inc. and Pembroke Communications. Thosnaigh

an tionscadal i mí Dheireadh Fómhair 2007. Ba í an aidhm a bhí leis an tionscadal ná dul i ngleic leis an gá atá le dá fhéiniúlacht fhíorthábhachtacha a bhaineann le hInstitiúid Teicneolaíochta Thrá Lí:
**a.** Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí – Féiniúlacht Chorparáideach.
**b.** Comhthionscadal chun an cur chuige is oiriúnaí a mholadh d'fhonn comhpháirtíocht straitéiseach idir an Institiúid agus Páirc Theicneolaíochta Chiarraí a fhíorú.

Cuireadh tús le céim thosaigh an tionscadail ar chéim thaighde í, i mí Dheireadh Fómhair. Mar chuid den gcéim seo tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin leis na príomhluchtanna leasa chun tuiscint a fháil ar léargas na n-eagraíochtaí agus ar an struchtúr is fearr a oireann don bhféiniúlacht nua. Tugadh cuireadh do na baill foirne go léir go dtí seisiún eolais faoin tionscadal. Tugadh aiseolas faoi na céimeanna taighde tosaigh ag an seisiún chomh maith.

Láithrigh Creative Inc struchtúr le haghaidh na féiniúlachta nua agus mhol ainmneacha di. Deineadh athbhreithniú ar an méid seo agus lorgaíodh tuilleadh moltaí. Láithríodh an ainm Crean do phríomhluchtanna leasa agus comhaontaíodh go leanfaí ar aghaidh leis an tionscadal. Faoi mhí Lúnasa 2008 bhí Creative Inc ag obair ar dhearadh/coincheapanna cruthaitheacha don bhféiniúlacht. Déanfar obair ar phlean tionscadail agus ar phríomhlínte ama maidir le hábhair atá ag teastáil i gcomhair seoladh agus cur i gcrích an tionscadail a luaithe a bheidh athbhreithniú déanta.

# Scoil an Staidéar Gnó agus an Staidéir Shóisialta

Deineadh modúlú ar chláracha na Scoile i dteannta le hathbhreithniú cláir agus eagraíodh de réir seimeastáir iad.

Deineadh athcheartú amach is amach ar shraith na gcláracha agus forbraíodh roinnt cláracha agus miondámhachtainí nua.

Moladh go bhforbrófaí roinnt cláracha nua mar seo a leanas:

Baitsiléir Eal. (Onóracha) i gCraoladh Teilifíse, Raidió agus na Meán Nua
Baitsiléir Eal. (Onóracha) i dTeicneolaíocht an Cheoil
Baitsiléir Eal. i gCleachtas Obair Óige agus Phobail
Baitsiléir Eal. (Onóracha) i mBainistiú Turasóireacht Eachtraíochta
Baitsiléir Eal. (Onóracha) i mBainistiú Óstáin & Ionaid Saoire
Baitsiléir Eal. (Onóracha) i mBainistíocht Taistil & Turasóireachta
Ard-dioplóma Eal. sna Meáin Nua (i gcomhar le Nemeton Television agus Údarás na Gaeltachta)

Cuireadh nascanna agus socruithe comhaltúcháin idir chláracha de chuid CDBOO agus chláracha atá á dtairiscint sa Scoil ar bun.

Críochnaíodh an clár for-rochtana i gCúram Sóisialta le FSS.

Foilsíodh an staidéar cáis le Sheila O'Mahony agus Martha Farrell dar teideal "Measuring Service Quality in Higher Education" i Marketing Research in Ireland le Domegan agus Fleming.

Thug Sharon Phelan láithreoireacht do Enable Ireland. Bhí an láithreoireacht dírithe ar rince do pháistí a bhfuil deacrachtaí soghluaiseachta acu.

Bhí an Roinn Óstáin, Lónadóireachta agus Turasóireachta ina hóstach ar an 4ú Comhdháil Bhliantúil um Thaighde ar Thurasóireacht agus Fáilteachas in Éirinn i mí Mheithimh 2008. Ba é 'Reflections: Irish Tourism and Hospitality – A Success Story' téama na comhdhála. Tháinig breis is 100 toscaire ó Éirinn agus ón RA.
Bhí an Roinn Óstáin, Lónadóireachta agus Turasóireachta ag obair ar tionscnamh píolótach le Fáilte Éireann agus le hInstitiúid Ardchócaireachta na Fraince, Nua Eabhrac, chun dianchlár cócaireachta gairmiúla a chur ar fáil a mhairfeadh ar feadh naoi mí. Ghlac roinnt óstán ó Chiarraí páirt i gcur i ngníomh an chláir.

Bhí an chéad chruinniú comhpháirtíochta idir an LdV VOCAL (Cultúr agus Teanga atá dírithe ar Ghairmeacha) ar siúl san ITT. Tháinig 20 rannpháirtí ó Éirinn agus ó thíortha thar lear. Tionscadal leantach a tháinig ó www.problemsolve.org é seo agus leanfaidh sé ar aghaidh ar feadh dhá bhliana. Tá uirlis láithreoireachta ar líne ar fáil do mhic léinn a bhfuil ar intinn acu dul thar lear mar chuid dá gcúrsa staidéir. Tá Muiris O'Laoire freagrach as an ábhar Gaeilge agus is í Kristin Brogan an comhordaitheoir.

Thug mic léinn an chúrsa Mháistreachta i Riarachán Gnó cuairt ar an India le linn na chéad seachtaine de mhí na Márta. Ba é MICA (Institiúid Cumarsáide Mhudra i Ahmedabad a bhí ina hóstach ar an gcuairt).

Ghlac beirt mhac léinn na tríú bliana den gcúrsa BEal. Onóracha i gCúram agus Oideachas Luathóige páirt i nGrúpa Staidéir Idirnáisiúnta i Reggio Emilia san Iondáil ón 2ú go dtí an 5ú Márta 2008.

Thug Acadamh Ríoga na hÉireann cuireadh do Líonra Pleanála agus Beartais Teanga na nInstitiúidí Teicneolaíochta

chun láithreoireacht a thabhairt dá choiste Acadaimh um Staidéar Nuatheangacha, Liteartha agus Cultúrtha. Thug Kristin Brogan láithreoireacht inár thug sí cuntas ar na gníomhaíochtaí a bhí ar bun ag an Líonra go dtí seo.

Bhuaigh beirt léachtóirí ón Scoil Ghnó, Fiona Tobin agus Feargus Dunne, duais comórtais chun sármhúinteoirí leibhéal Ollscoile i réigiún na Sionainne a aimsiú. Mhair an comórtas ar feadh bliana.

| | |
|---|---|
| **Ceann Scoile:** | An tUas. Brian O'Connor |
| **Ceann Roinne (Léann Daonna):** | An tUas. Pat McGarty |
| **Ceann Roinne (Staidéar Gnó):** | Aisling Sharkey, Uas. |
| **Ceann Roinne (Faisnéisíocht Ghnó):** | Kay Fitzgerald, Uas. |
| **Ceann Roinne (Óstán, Lónadóireacht & Turasóireacht):** | Mary Rose Stafford, Uas. |

# Scoil na hInnealtóireachta agus an Staidéir Foirgníochta

Tairgeann an Scoil réimse leathan de chúrsaí Ardteastais, Gnáthchéime agus cúrsaí céime le honóracha atá bailíochtaithe ag Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna. Féadfaidh mic léinn céimeanna a bhaint amach i Máistreacht Innealtóireachta iarchéime trí mheán an taighde.

Soláthraítear Céim 4 agus Céim 6 de na modúil printíseachta i Meicníocht na Talmhaíochta agus na Cearpantóireachta & Siúinéireachta, chomh maith.

Cuimsítear dhá Roinn i Scoil na hInnealtóireachta agus an Staidéar Foirgníochta:

- Innealtóireacht Talmhaíochta agus Déantúsaíochta
- Innealtóireacht Shibhialta agus Foirgníochta

Bhí Scoil na hInnealtóireachta ar cheann de na scoileanna a bunaíodh ar dtús san Institiúid. Tá sí suite ar an gcampas Theas gar do lár bhaile Thrá Lí. Tairgeann an dá Roinn cúrsaí éagsúla san Innealtóireacht Shibhialta, Foirgníochta agus in Innealtóireacht Talmhaíochta agus Déantúsaíochta. Is féidir le céimithe ón dá Roinn fostaíocht a oireann dóibh a aimsiú nó leanúint dá gcuid oideachais go leibhéal níos airde, is cuma más céim le honóracha, gnáthchéim nó ardteastas, atá bainte amach acu.

Leagann an cumasc idir an teoiric agus an phraitic i gcláracha na Scoile bonn láidir síos chun slí bheatha fónta a bhaint amach san Innealtóireacht nó sa bhFoirgníocht.

Tá conairí dul chun cinn ann laistigh den Scoil ón Ardteastas ar aghaidh go dtí leibhéal na hiarchéime. Tá an rogha ag mic léinn tuilleadh cúrsaí tríú leibhéil a dhéanamh in Institiúidí Ardoideachais eile más mian leo.

Tá ball foirne amháin ceaptha ag an Scoil mar Oifigeach Faofa Réamhfhoghlama na Scoile. Oibríonn an t-oifigeach sin i gcomhar leis na boird a riarann cúrsaí na Scoile agus le Comhairle Acadúil na hInstitiúide d'fhonn go bhféadfadh iarratasóirí neamhchaighdeánacha creidiúint a fháil d'fhoghlaim roimhe sin ar chláracha na Scoile.

Tá naisc láidre gaibhnithe ag an Institiúid agus ag Scoil na hInnealtóireachta le lucht tionsclaíochta. Forbraíodh gach cúrsa dála Bhainistíocht Áiseanna, Innealtóireacht Mheicniúil & Leictreonach agus Beacht-innealtóireacht san Institiúid i bhfianaise shainriachtanais na tionsclaíochta.

Áirítear iad seo a leanas ar saotharlanna úrscothacha atá ar fáil do sna mic léinn:


- Saotharlanna líníochta agus dearaidh ríomhchuidithe
- Ceardlanna san Innealtóireacht Talmhaíochta
- Saotharlann Struchtúr
- Saotharlann i gcomhair Thástáil Asfailt & Coincréite
- Saotharlann i gcomhair Thástáil Ithreacha
- Saotharlann i gcomhair Mheicnice Sreabhánaí
- Saotharlann i gcomhair Innealtóireacht Eolaíochta
- Saotharlann i gcomhair Rialú Próisis
- Saotharlanna Ríomhaireachta
- Saotharlanna Innealtóireachta Leictreonaí
- Saotharlanna Innealtóireachta Meicniúla agus ceardlann

Táthar tar éis acmhainní i dtrealamh a chur le chéile thairis na mblianta sa Scoil, a mhaoinigh an rialtas tríd an deontas athfhillteach agus trí threalamh a dheonaigh lucht tionsclaíochta. Mar thoradh ar an trealamh seo

a deonaíodh is féidir leis an Scoil cúrsaí a chur ar fáil nach bhféadfaí a dhéanamh dá cheal.

Is ábhar imní do lucht na Scoile Innealtóireachta go bhfuil laghdú de bhreis is 80% i líon na mac léinn sna cúrsaí a bhaineann le déantúsaíocht lena n-áirítear innealtóireacht mheicniúil agus cúrsaí leictreonaice nuair a chuirtear líon na mac léinn a glacadh isteach sna cúrsaí seo i Meán Fómhair 2006 i gcomparáid le líon na mac léinn a tháinig chugainn i Meán Fómhair 1998, bíodh go bhfuil líon na mac léinn san innealtóireacht shibhialta agus i staidéar foirgníochta slán i gcónaí.

LÉIRÍTEAR AN LAGHDÚ SIN I LÍON NA MAC LÉINN SNA CÚRSAÍ DÉANTÚSAÍOCHTA SA CHAIRT SEO.




*Tábla 1: Laghdú i Líon na Mac Léinn sna cúrsaí déantúsaíochta in Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí 1998-2007*

Chuir an laghdú sin i líon na mac léinn iachall ar an Scoil roinnt cúrsaí san innealtóireacht déantúsaíochta a iamh. Má leanann an laghdú sin i líon na mac léinn atá ag cur isteach ar innealtóireacht déantúsaíochta laghdófar a thuilleadh ar líon na gcúrsaí sin a bheidh ar fáil.

Ábhar imní don Scoil go bhfuil líon na mac léinn trí chéile atá ag cur isteach ar chúrsaí san innealtóireacht déantúsaíochta ag laghdú i gcónaí agus an deasca a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar thionscal an déantúsaíochta sa bhfadtéarma.

**Ceann Scoil na hInnealtóireachta:**
Kevin Lynch Innealt. Diop. MIE, Innealt. Shibh., F IEI, M.SME, M. IAgr.E.
**Ceann na Roinne: Innealtóireacht Shibhialta & Foirgníocht:**
John Murphy, B. Innealt., C. Eng., F.IEI.

# SCOIL NA hEOLAÍOCHTA AGUS NA RÍOMHAIREACHTA

The School of Science and Computing offers a wide range of HETAC validated third level courses from National Certificate to Masters Degree level.  The School had its first graduates of the MSc in Nursing.

In 2007/2008 the following courses were validated:

Batchelor of Science (Ordinary) in Applied Biology
Batchelor of Science (Honours) in Applied Biology
Baitisléir Eol. (Gnáthchéim) in Anailís Cógaisíochta mar aon le Fóiréinsic
Baitisléir Eol. (Onóracha) in Anailís Cógaisíochta mar aon le Fóiréinsic
Baitisléir Eol. (Onóracha) i Sláinte agus Fóilliocht (Gairmí Aclaíochta)
Baitisléir Eol. (Onóracha) i Sláinte agus Fóilliocht (Folláine)
Baitisléir Eol. (Onóracha) i Sláinte agus Fóilliocht (Gníomhaíocht Fhisiciúil Oiriúnaithe)

Baitisléir Eol. (Onóracha) i Sláinte agus Fóilliocht (Forbairt Spóirt)
Baitisléir Eol. (Gnáthchéim) i Sláinte agus Fóilliocht mar aon le Suathaireacht

Baitisléir Eol. (Onóracha) i Sláinte agus Fóilliocht mar aon le Suathaireacht

**Miondámhachtainí**
Teastas i bhForbairt Teiripí atá dírithe ar Gearr-réiteach
Teagascóireacht i gCleachtas a fhorbairt
Teastas i mBainistiú Cúram Cneá

Tháinig laghdú de 21% ar líon na mac léinn sa Scoil i gcomórtas leis an mbliain roimis (áirítear 182 mhac léinn páirtaimseartha orthu seo, laghdú ó 386 sa bhliain roimis, agus 806 mhac léinn lánaimseartha, laghdú ó 862 sa bhliain roimis).

Cuimsítear ceithre roinn i Scoil na hEolaíochta agus na Ríomhaireachta:

Ríomhaireacht & Matamaitic
Eolaíochtaí Ceimice & Beatha
Staidéar Sláinte & Fóillíochta
Staidéar Altranais agus Cúram Sláinte

Tá an Scoil Eolaíochta & Ríomhaireachta an-ghníomhach i réimse an taighde agus tá iliomad nasc comhoibrithe aici le lucht tionsclaíochta. Faoi láthair tá 56 mhac léinn cláraithe do staidéar iarchéime (múinte agus trí thaighde). Bunaíodh Institiúid Taighde IT Thrá Lí mar bhonneagar rialachais agus mar fheidhmeannacht i leith an taighde go léir a dheintear faoi choimirce IT Thrá Lí.

Cuimsítear i maoiniú a bronnadh ar an Instiúid i réimsí taighde a bhaineann le Scoil na hEolaíochta agus na Ríomhaireachta: Ciste Nuálaíochta Straitéisí an Údarás Ardoideachais/Acadamh Foghlama na Seirbhíse Náisiúnta [Edel Randles, €1,800] 'To evaluate a service learning initiative conducted with BSc. PE & Health, Fitness & Leisure Students in their final year subject Human Resource Development' (Measúnú a dhéanamh ar thioscnamh foghlama seirbhíse arna chur i gcrích le mic léinn BEol. Corpoideachais agus Sláinte; Aclaíochta agus Fóillíochta sa bhliain dheiridh dá gcúrsa: ábhar: Forbairt Acmhainní Daonna').

| | |
|---|---|
| **Ceann na Scoile:** | Séamus O'Shea, Uas. |
| **Ceann na Roinne: Eolaíochtaí Ceimice & Beatha:** | an Dr. Michael Hall |
| **Ceann na Roinne: Staidéar Sláinte & Fóillíochta:** | an Dr. Michael Hall |
| **Ceann na Roinne: Ríomhaireacht & Matamaitic:** | Aisling Sharkey, Uas. |
| **Ceann na Roinne: Staidéar Altranais & Cúram Sláinte:** | an Dr. Gary Brown |

# CLÁRACHA

Soláthraíonn IT Trá Lí réimse cláracha lánaimseartha i Staidéar Gnó & Sóisialta, Innealtóireacht & Staidéar Foirgníochta, agus Eolaíocht & Ríomhaireacht. Tá Údarás Tarmligthe ag an Institiúid ó Chomhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna chun dámhachtainí a bhronnadh ag leibhéal 6,7, 8 agus 9 (cláracha múinte) den Chreatlach Náisiúnta um Cháilíochtaí.

**Scoil Ghnó & Daonnachtaí:**

Ardteastas i Staidéar Ardghnó
Ardteastas sa Ghnó & i dTeangacha (Fraincis)
Ardteastas sa Ghnó & i dTeangacha (Gearmáinis)
Ardteastas i Staidéar Gnó
Ardteastas sa Ghnó i gCórais Faisnéise Oifige



Baitsiléir Ealaíon i mBainistiú Córas Faisnéise
Baitsiléir Gnó i dTurasóireacht
Baitsiléir Gnó i dTurasóireacht mar aon le Teangacha
Baitsiléir Gnó in Ealaíon na Cócaireachta
Baitsiléir Gnó i gCuntasaíocht
Baitsiléir Gnó i nGnó Idirnáisiúnta

Baitsiléir Gnó i mBainistíocht
Baitsiléir Gnó i Margaíocht
Baitsiléir Ealaíon i Staidéar Sóisialta Feidhmeach i gCúram Sóisialta

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistiú Córas Faisnéise
Baitsiléir Gnó
Baitsiléir Gnó i mBainistíocht
Baitsiléir Gnó (Onóracha) i r-Ghnó

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCúram agus Oideachas Luath-óige
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Téatar Tuaithe
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistiú Fáilteachais
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) in Ilmheáin Idirghníomhacha
Baitsiléir Ealaíon i Staidéar Sóisialta Feidhmeach i gCúram Sóisialta

Cláracha de chuid Fáilte Éireann atá dá dtairiscint ag an Institiúid:
Teastas Náisiúnta i Seirbhís Beáir
Ardteastas i Staidéar ar Ghnó na Turasóireachta
Teastas Náisiúnta i gCócaireacht Ghairmiúil
Teastas Náisiúnta i gCócaireacht Ghairmiúil scaoileadh lae
Teastas Náisiúnta i Scileanna Turasóireachta
Teastas Náisiúnta i Scileanna Fáilteachais



**Cláracha Iarchéime**

Máistreacht trí Thaighde
PhD trí Thaighde
Máistreacht i Riarachán Gnó

**Scoil na hInnealtóireachta:**

Ardteastas san Innealtóireacht in Innealtóireacht Shibhialta
Ardteastas san Innealtóireacht i bhFoirgníocht
Ardteastas san Innealtóireacht in Innealtóireacht Talmhaíochta
Ardteastas san Innealtóireacht i nGléasra Tógála
Ardteastas san Innealtóireacht in Innealtóireacht na Déantúsaíochta
Ardteastas san Innealtóireacht in Innealtóireacht Mheicniúil
Ardteastas sa Teicneolaíocht Déantúsaíochta




Cearpantóireacht & Siúinéireacht FÁS Céim 4
Cearpantóireacht & Siúinéireacht FÁS Céim 6
Meicníocht Talmhaíochta FÁS Céim 4
Meicníocht Talmhaíochta FÁS Céim 6

Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta
Baitsiléir Eol. i bhFoirgníocht
Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Talmhaíochta
Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Táirgeachta
Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Mheicniúil agus Leictreonaice

Baitsiléir Eol. (Onóracha) i mBainistiú Áiseanna
Baitsiléir Eol. (Onóracha) i mBainistiú Foirgníochta
Baitsiléir Eol. (Onóracha) i mBainistiú Déantúsaíochta

Máistreacht trí Thaighde
PhD trí Thaighde



**Scoil na hEolaíochta**

Ardteastas san Eolaíocht i Ríomhaireacht mar aon le Forbairt Bogearraí
Ardteastas san Eolaíocht i mBitheolaíocht Fheidhmeach
Ardteastas san Eolaíocht sa Cheimic Fheidhmeach
Ardteastas san Eolaíocht i Staidéar Sláinte & Fóillíochta
Ardteastas sa i dTacaíocht do Theicneolaíocht an Eolais

Ardteastas Eol. i Staidéar Comhshaoil agus Bitheolaíochta
Baitsiléir Eol. sa Ríomhaireacht - Forbairt Bogearraí
Baitsiléir Eol. sa Ríomhaireacht - Forbairt Cluichí
Baitsiléir Eol. sa Ríomhaireacht mar aon le hIlmheáin
Baitsiléir Eol. in Eolaíocht Anailíseach

Baitsiléir Eol. in Eolaíocht Bhia
Baitsiléir Eol. i Staidéar Sláinte agus Fóillíochta
Baitsiléir Eol. i Staidéar Corpoideachais
Baitsiléir Eolaíochta i dTacaíocht don Teicneolaíocht Faisnéise

Baitsiléir Eol. (Onóracha) sa Ríomhaireacht mar aon le Forbairt Bogearraí
Baitsiléir Eol. (Onóracha) sa Ríomhaireacht le hIlmheáin
Baitsiléir Eol. (Onóracha) sa Ríomhaireacht le Staidéar Fiontraíochta
Baitsiléir Eol. (Onóracha) sa Ríomhaireacht le Forbairt Idirlín
Baitsiléir Eol. (Onóracha) Céim san Altranas Ginearálta
Baitsiléir Eol. (Onóracha) san Altranas - Altranas Síciatrach
Baitsiléir Eol. (Onóracha) in Eolaíocht Anailíseach
Baitsiléir Eol. (Onóracha) i Sláinte agus Fóillíocht
Baitsiléir Eol. (Onóracha) i Staidéar Corpoideachais
Baitsiléir Eol. (Onóracha) i mBitheolaíocht Fhiadhúlra



Máistreacht & PhD trí thaighde

Dioplóma Céime in Eolaíocht Shaotharlainne san Oideachas
Máistreacht Eol. in Eolaíocht Shaotharlainne san Oideachas
Gnáthchéim i Ríomhaireacht san Oideachas
Máistreacht Eol. i Ríomhaireacht san Oideachas
Máistreacht Ealaíon in Ardstaidéar Sláinte & Cúram Sóisialta

# Scrúdaitheoirí Seachtracha

Ceapann Comhairle Náisiúnta na gCáilíochtaí Oideachais scrúdaitheoirí seachtracha d'fhonn rialú a chinntiú i gcaighdeáin na scrúduithe go ndeineann an Chomhairle monatóireacht orthu. Is féidir scrúdaitheoirí seachtracha a cheapadh i ndáil le clár ina iomláine nó i ndáil le hábhair ar leithligh.

Is iad feidhmeanna an scrúdaitheora sheachtraigh ná:

- Deimhin a dhéanamh go gcuirfear na caighdeáin chuí i bhfeidhm
- Deimhin a dhéanamh go mbeidh caighdeáin chomparáideacha idir institiúidí
- Dréachtaí na bpáipéirí scrúdaithe go léir, na bhfreagraí eiseamláireacha agus na scéimeanna marcála a bhreathnú, agus athbhreithnithe, ceartúcháin, leasuithe srl. a dhéanamh, faoi mar is cuí leo iad
- Breith a thabhairt ar chuibheas an mharcála, ag gach leibhéal den aicmiú, den ábhar scrúdaithe a chuirtear faoi bhráid na n-iarratasóirí
- Cuairt a thabhairt ar an Institiúid uair amháin gach bliain acadúil

D'oibríodar seo leanas mar scrúdaitheoirí seachtracha don Institiúid sa bhliain acadúil 2007/2008.

**Scoil Ghnó & Staidéar Sóisialta**

**John Andy Bonar , Uas.**
Baitsiléir Ealaíona (Gnáthchúrsa) Staidéar Pobail
Baitsiléir Ealaíona (Onóracha) Staidéar Pobail
Baitsiléir sa Ghnó
Baitsiléir sa Ghnó (Onóracha)
Baitsiléir Ealaíon i mBainistiú Córas Faisnéise
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistiú Córas Faisnéise
Baitsiléir Gnó i dTurasóireacht
Baitsiléir Gnó i dTurasóireacht mar aon le Teangacha
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) in Ilmheáin Idirghníomhacha



**Sean Connell, Uas.**
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistiú Fáilteachais
**An Dr. Máire Mhic Mhathúna**
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCúram agus Oideachas Luath-óige

**Deirdre Cole, Uas.**
Baitsiléir sa Ghnó in Ealaíon na Cócaireachta

**An Dr. Derek Mc Inerney**
Baitsiléir sa Ghnó

Baitsiléir sa Ghnó i nGnó Idirnáisiúnta
Baitsiléir sa Ghnó (Onóracha)

**Mikael Fernstrom, Uas.**
Baitsiléir Ealaíon i mBainistiú Córas Faisnéise
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistiú Córas Faisnéise
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) in Ilmheáin Idirghníomhacha

**An Dr. Pat Finnegan**
Máistreacht sa Ghnó (Sruth Fáisnéisíochta)



**Richie Hoare, Uas.**
Máistreacht i Riarachán Gnó

**Cathal Kearney, Uas.**
Bunteastas sa Ghnó agus i Staidéar Pobail
Ardteastas sa Ghnó (Ardghnó)
Ardteastas sa Ghnó
Ardteastas sa Ghnó mar aon le Fraincis
Ardteastas sa Ghnó mar aon le Gearmáinis
Baitsiléir sa Ghnó
Ardteastas sa Ghnó i gCórais Faisnéise Oifige
Baitsiléir Ealaíon i mBainistiú Córas Faisnéis
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistiú Córas Faisnéise
Baitsiléir sa Ghnó (Onóracha) ó thús

**Noelle O'Connor, Uas.**
Baitsiléir Gnó i dTurasóireacht
Baitsiléir Gnó i dTurasóireacht mar aon le Teangacha
Baitsiléir Gnó (Onóracha) i dTurasóireacht
Baitsiléir Gnó (Onóracha) i dTurasóireacht mar aon le Teangacha



**Tomas Mangan, Uas.**
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistiú Óstáin
Baitsiléir Gnó i mBainistiú Beáir

**Barry Donnelly, Uas.**
Ardteastas i Staidéar Gnó (Ardghnó)
Ardteastas i Staidéar Gnó
Baitsiléir Gnó
Baitsiléir Gnó (Onóracha)
Baitsiléir Gnó (Onóracha) ó thús

**An Dr. Áine De Róiste**
Baitsiléir Ealaíon i Staidéar Sóisialta Feidhmeach i gCúram Sóisialta
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Sóisialta Feidhmeach i gCúram Sóisialta

**Tom O'Connor, Uas.**
Baitsiléir Ealaíon i Staidéar Sóisialta Feidhmeach i gCúram Sóisialta
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Sóisialta Feidhmeach i gCúram Sóisialta

**An Dr. Brian Coates**
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Téatar Tuaithe

**Gerard O'Donovan, Uas.**
Bunteastas i Staidéar Gnó agus Pobail
Ardteastas sa Ghnó i gCórais Faisnéise Oifige
Baitsiléir Ealaíon i mBainistiú Córas Faisnéise
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistiú Córas Faisnéise
Baitsiléir Gnó (Onóracha)
Baitsiléir Gnó (Onóracha) i r-Ghnó
Baitsiléir Ealaíon (ó thús) i mBainistiú Córas Faisnéise

**An Dr. John O'Flynn**
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Téatar Tuaithe

**Gerard Phillips, Uas.**
Baitsiléir Ealaíon i Staidéar Sóisialta Feidhmeach i gCúram Sóisialta
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i Staidéar Sóisialta Feidhmeach i gCúram Sóisialta

**Pat O'Neill, Uas.**
Ardteastas in Oibríochtaí Miondíola

**An Dr. Aidan Daly**
Ardteastas in Oibríochtaí Miondíola
Máistreacht sa Ghnó



**Grainne Daly, Uas.**
Baitsiléir Gnó i dTurasóireacht
Baitsiléir Gnó i dTurasóireacht mar aon le Teangacha
Baitsiléir Gnó (Onóracha) i dTurasóireacht
Baitsiléir Gnó (Onóracha) i dTurasóireacht mar aon le Teangacha

**An Dr. Philip O'Reilly**
Baitsiléir Ealaíon i mBainistiú Córas Faisnéise
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistiú Córas Faisnéise
Baitsiléir Gnó (Onóracha) i r-Ghnó

**Deirdre Scott, Uas.**
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCúram agus Oideachas Luath-óige

**An Dr. Ann Thorne**
Máistreacht i Riarachán Gnó

**Michael Murphy, Uas.**
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) in Ilmheáin Idirghníomhacha

## Scoil na hEolaíochta & na Ríomhaireachta

**An Dr. James J. Brennan**
Ardteastas san Eolaíocht i mBitheolaíocht Fheidhmeach
Ardteastas san Eolaíocht i gCeimic Fheidhmeach
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) san Eolaíocht Anailíseach mar aon le Forbairt Táirge/Próisis

**Eamonn De Leastar, Uas.**
Máistreacht Eol. sa Ríomhaireacht

**An Dr. Deirdre Gilroy**
Ardteastas san Eolaíocht i mBitheolaíocht Fheidhmeach
Ardteastas san Eolaíocht i gCeimic Fheidhmeach
Baitsiléir Eol. san Eolaíocht Anailíseach
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) san Eolaíocht Anailíseach mar aon le Forbairt Táirge/Próisis

**Paula Holt, Uas.**
M. Eol. san Altranas



**Jean Hughes, Uas.**
Ardteastas san Eolaíocht sa Ríomhaireacht
Ardteastas sa Ríomhaireacht i dTacaíocht don Teicneolaíocht Faisnéise
Baitsiléir Eol. sa Ríomhaireacht i bhForbairt Bogearraí
Baitsiléir Eol. (Onóracha) sa Ríomhaireacht i bhForbairt Bogearraí
Baitsiléir Eol. (Onóracha) sa Ríomhaireacht mar aon le Staidéar Fiontraíochta
Baitsiléir Eol. sa Ríomhaireacht mar aon le Forbairt Cluichí
Baitsiléir Eol. (Onóracha) sa Ríomhaireacht mar aon le Forbairt Cluichí
Baitsiléir Eol. sa Ríomhaireacht mar aon le hIlmheáin
Baitsiléir Eol. (Onóracha) sa Ríomhaireacht mar aon le hIlmheáin

Baitsiléir Eol. (Onóracha) sa Ríomhaireacht mar aon le Teicneolaíocht Shoghluaiste
Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht mar aon le Tacaíocht don Teicneolaíocht Faisnéise
Máistreacht Eol. i dTeicneolaíochtaí Oideachasúla

**An Dr. Liam Hennessy**
Ardteastas san Eolaíocht i Staidéar Sláinte agus Fóillíochta
Baitsiléir Eol. i Staidéar Sláinte agus Fóillíochta
Baitsiléir Eol. (Onóracha) i Staidéar Sláinte, Aclaíochta agus Fóillíochta



**Pauline Jordan, Uas.**
Ardteastas san Eolaíocht i Staidéar Sláinte agus Fóillíochta
Baitsiléir Eol. i Staidéar Sláinte agus Fóillíochta

**Audrey Chambers, Uas.**
Baitsiléir Eol. in Altranas (Carnadh Creidiúintí agus Creidiúnú Ábhar)
Ard-dioplóma san Eolaíocht in Altranas (Altranas Seaneolaíoch)

**Jane McCarthy, Uas.**
Baitsiléir Eol. (Onóracha) san Altranas Ginearálta
Baitsiléir Eol. (Onóracha) san Altranas Síciatrach

**An Dr. Andy Fogarty**
Ardteastas san Eolaíocht i mBitheolaíocht Fheidhmeach
Ardteastas san Eolaíocht i gCeimic Fheidhmeach
Baitsiléir Eol. in Eolaíocht Anailíseach
Baitsiléir Eol. (Onóracha) in Eolaíocht Anailíseach mar aon le Forbairt Táirge/Próisis

**An Dr. R.H. Morgan**
Máisteacht Eol. sa Ríomhaireacht
Máisteacht Eol. i dTeicneolaíochtaí Oideachasúla



**Humphrey Murphy, Uas.**
Ardteastas san Eolaíocht i Staidéar Sláinte agus Fóillíochta
Baitsiléir Eol. i Staidéar Sláinte agus Fóillíochta
Baitsiléir Eol. (Onóracha) i Staidéar Sláinte, Aclaíochta agus Fóillíochta
Baitsiléir Eol. (Onóracha) i Staidéar Corpoideachais

**An Dr. Siobhan McClean**
Ardteastas in Eolaíocht i mBitheolaíocht Fheidhmeach
Ardteastas in Eolaíocht i gCeimic Fheidhmeach
Baitsiléir Eol. in Eolaíocht Anailíseach
Baitsiléir Eol. (Onóracha) in Eolaíocht Anailíseach mar aon le Forbairt Táirge/Próisis

**An Dr. Barry Feeney**
Ardteastas san Eolaíocht i Ríomhaireacht
Ardteastas sa Ríomhaireacht i dTacaíocht don Teicneolaíocht Faisnéise
Baitsiléir Eol. sa Ríomhaireacht i bhForbairt Bogearraí
Baitsiléir Eol. (Onóracha) sa Ríomhaireacht i bhForbairt Bogearraí
Baitsiléir Eol. (Onóracha) sa Ríomhaireacht mar aon le staidéar Fiontraíochta
Baitsiléir Eol. (Onóracha) mar aon le Teicneolaíocht Shoghluaiste
Baitsiléir Eol. sa Ríomhaireacht mar aon le Forbairt Cluichí
Baitsiléir Eol. sa Ríomhaireacht mar aon le hIlmheáin
Baitsiléir Eol. (Onóracha) sa Ríomhaireacht mar aon le hIlmheáin
Baitsiléir Eol. sa Ríomhaireacht mar aon le Tacaíocht don Teicneolaíocht



**John Sweeney, Uas.**
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Altranas Síciatrach
Ard-dioplóma san Eolaíocht in Altranas (Struchtúr Trasdula Speisialtóra)
Ard-dioplóma san Eolaíocht in Altranas (Idirghabhálacha Síceasóisialta ar Shláinte Mheabhrach)

**An Dr. Evelyn Carnegie**
Baitsiléir Eol. (Onóracha) i Staidéar Corpoideachais

Baitsiléir Eol. (Onóracha) i Staidéar Sláinte, Aclaíochta agus Fóillíochta

**Leo Darcy, Uas.**
Baitsiléir Eol. (Onóracha) san Altranas (Carnadh Creidiúintí agus Creidiúnú Ábhar)

**An tOll. Mary O'Sullivan**
Baitsiléir Eol. i Staidéar Sláinte agus Fóillíochta
Baitsiléir Eol. (Onóracha) i Staidéar Sláinte, Aclaíochta agus Fóillíochta
Baitsiléir Eol. (Onóracha) i Staidéar Corpoideachais

**An Dr. Frank O'Brien**
Ardteastas i Seirbhísí Bitheolaíochta agus Comhshaoil
Baitsiléir Eol. (Onóracha) i mBitheolaíocht Fhiadhúlra



**Scoil na hInnealtóireachta**

**Paul Campbell, Uas.**
Ardteastas san Eolaíocht i Staidéar Foirgníochta
Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Foirgníochta

**An Dr. Tadhg Brosnan**
Ardteastas san Innealtóireacht in Innealtóireacht Talmhaíochta
Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Talmhaíochta

**Liam Costello, Uas.**
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú Innealtóireacht Déantúsaíochta

**An Dr. John Donovan**
Ardteastas san Innealtóireacht in Innealtóireacht Déantúsaíochta
Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Leictreonach agus Mheicniúil
Maeve Fitzpatrick, Uas.
Ardteastas san Innealtóireacht in Innealtóireacht Mheicniúil
Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Táirgeachta



**Dónal Collins, Uas.**
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú Foirgníochta

**Dave Halloran, Uas.**
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú Áiseanna

**Robert Hartle, Uas.**
Ardteastas in Eolaíocht i Staidéar Foirgníochta
Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Foirgníochta

**Rory Kilgallen, Uas.**
Ardteastas san Innealtóireacht in Innealtóireacht Mheicniúil
Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Mheicniúil agus Leictreonach

**Tomas O'Donoghue, Uas.**
Ardteastas san Innealtóireacht in Innealtóireacht Shibhialta

**Michael O'Donoghue, Uas.**
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú ar Innealtóireacht Talmhaíochta

**Ian James Loynes, Uas.**
Ardteastas in Innealtóireacht in Innealtóireacht Talmhaíochta

**Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Talmhaíochta**
**Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú ar Innealtóireacht Talmhaíochta**

**An Dr. Tony Murray**
Ardteastas san Innealtóireacht in Innealtóireacht Shibhialta
Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta

**Tom King, Uas.**
Ardteastas i nGléasra Tógála

**Eugene O'Sullivan, Uas.**
Baitsiléir Eol. (Onóracha) i mBainistiú Áiseanna
Baitsiléir Eol. (Onóracha) i nGléasra Tógála

**John McDaid, Uas.**
Teastas i Rátáil Fuinnimh Foirgnimh




# STAITISTICÍ MAIDIR LE MIC LÉINN

**Filleacháin Bhliantúla – Filleacháin maidir le Mic Léinn 2007/08**


**Clárúcháin tríú leibhéal d'réir Leibhéal Dámhachtana**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Bonnchúrsa Leibhéal – 05** | | | |
| | Scoil an Staidéar Gnó | 9 | 0.33% |
| **Leibhéal – 05 Iomlán** | | **9** | **0.33%** |
| **Ardteastas - Leibhéal 06** | | | |
| | Scoil Ghnó agus Daonnachtaí | 200 | 7.42% |
| | Scoil na hInnealtóireachta | 166 | 6.16% |
| | Scoil na hEolaíochta – Eolaíocht Bheatha Sláinte agus | 175 | 6.49% |
| | Scoil na hEolaíochta- Ríomhaireacht | 42 | 1.56% |
| **Leibhéal-06 Iomlán** | | **583** | **21.63%** |
| **Gnáthchéim – Leibhéal 07** | | | |
| | Scoil Ghnó agus Dhaonnachtaí | 368 | 13.65% |
| | Scoil na hInnealtóireachta | 78 | 2.89% |
| | Scoil na hEolaíochta – Eolaíocht Bheatha agus Fóillíocht | 55 | 2.04% |
| | Scoil na hEolaíochta- Ríomhaireacht | 50 | 1.86% |
| **Leibhéal – 07 Iomlán** | | **551** | **20.45%** |
| **Cúrsaí Céime Onóracha – Leibhéal 08** | | | |
| | Scoil Ghnó agus Dhaonnachtaí | 400 | 14.84% |
| | Scoil na hInnealtóireachta | 54 | 2.00% |
| | Scoil na hEolaíochta – Eolaíocht Bheatha agus Fóillíocht | 84 | 3.12% |
| | Scoil na hEolaíochta- Ríomhaireacht | 79 | 2.93% |
| | Scoil na hEolaíochta, Altranas | 297 | 11.02% |
| **Leibhéal – 08 Iomlán** | | **914** | **33.91%** |
| **Iarchéim Lánaimseartha agus Páirtaimseartha Leibhéal 09 agus 10 (amhail ar an 31 Márta 2008)** | | | |
| | Scoil Ghnó agus Dhaonnachtaí | 42 | 1.56% |
| | Scoil na hInnealtóireachta | 0 | 0.00% |
| | Scoil na hEolaíochta- Ríomhaireacht | 38 | 1.41% |
| | Scoil na hEolaíochta, Altranas | 21 | 0.78% |
| | Scoil na hEolaíochta – Eolaíocht Bheatha agus Fóillíocht | 8 | 0.30% |
| **Iomlán na nIarchéimithe** | | **109** | **4.04%** |
| **Óstán agus Lónadóireacht – Fáilte Ireland** | | | |
| | Cláracha | 80 | 2.97% |
| | Printíseachtaí | 449 | 16.66% |
| **IOMLÁN SA CHOLÁISTE:** | | **2,695** | **100.00%** |


## Bunús Mac léinn Tríú Leibhéil de réir dúchais





## Clarúcháin tríú leibhéil, Fireannaigh





## Clarúcháin tríú leibhéil, Baineannaigh




## Clarúcháin tríú leibhéil de réir disciplín




## Cúlra soch-eacnamaíoch na Mac léinn tríú leibhéil (Iontrálaithe Nua Amháin)



# Tuairisc ar Sheirbhísí do Mhic Léinn

Bhí bliain bhruidiúil againn; tá méadú tagtha ar líon na rannpháirtithe i ngach ceann de na seirbhísí atá ar fáil do mhic léinn. Is í an chuspóir atá ag Seirbhísí do mhic léinn in Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí ná:

" Timpeallacht thacúil chomhbhách a chruthú chun a chinntiú go bhfaighidh gach mac léinn an tacaíocht agus go gcumasaítear iad chun iomlán a n-acmhainne pearsanta agus acadúla a bhaint amach".

Forbraíodh na Seirbhísí do Mhic Léinn mar fhreagra ar éilimh a thagann as pobal mac léinn atá tar éis éagsúlú. De réir moltaí a thug an tÚdarás Ardoideachais ina Thuarascáil ar Fhorbairt Seirbhísí do Mhic Léinn (1998) tá socruithe déanta ag an Institiúid go raghfar i mbun comhairliúcháin agus chomhoibrithe chomh forleathan agus is féidir i ndáil le soláthar foirne agus maoinithe do na Seirbhísí do mhic léinn, rud ina n-áirítear athbhreithniú ar Chaipitíocht Mhac Léinn agus pléite rialta le hAontas na Mac Léinn. Is é an dúshlán atá roimh an tseirbhís ná leanúint ar aghaidh agus an cur chuige peasanta a choinneáil beo a bhíodh aici go dtí seo cé go bhfuil an Institiúid ag dul i méid agus i n-éagsúlacht.

**Rochtain**
Bhí líon na mac léinn a bhain leas as an Oifig Rochtana ag fás go leanúnach i gcaitheamh na bliana. Bhí 82 mhac léinn lánfhásta cláraithe leis an tseirbhís. Tá Clár Meantóireachta Piara na Mac Léinn Lánfhásta bunaithe i gceart anois mar shlí do mhic léinn lánfhásta chun tacaíocht a fháil ó phiaraí. Chuaigh an clár 'Pathfinder' ó neart go neart chomh maith: tháinig méadú 56% ar líon na mac léinn atá cláraithe, is é sin, 208 mac léinn. Thit líon na mac léinn a chuir isteach ar mhaoiniú ó Chiste Sóisialta na hEorpa beagáinín, síos go 225 mic léinn. Ina fhianaise seo sholáthraigh An Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn €108,000 do mhic léinn a raibh gá acu le tacaíocht airgid. Bhí an Clár Spóirt ar Mhaithe le Ratha ag éirí níos treise i gcónaí agus méadú ag teacht ar líon na rannpháirtithe gach bliain as a chéile. Osclófar crèche campais ar an láthair an bhliain seo chugainn. Cloch mhíle i bhforbairt na hInstitiúide é seo lena dtabharfar áiteanna lánaimseartha do 34 leanaí i dteannta 16 áiteanna iar-scoile. Ní bheidh na háiteanna ar fáil ach do leanaí mhic léinn na hInstitiúide. Leis an áis seo tabharfar tacaíocht rochtana eile fós dóibh siúd ar suim leo a bheith páirteach in oideachas tríú leibhéil.

**Teagascóir Tacaíochta Disléicse**
Tá feidhm fhíorthábhachtach ag an Oifig um Thacaíocht Disléicse maidir leis na cuspóirí foghlama atá i bPlean Straitéiseach na hInstitiúide. Bhí líon na mac léinn a bhain leas as an tseirbhís seo ag dul i méid i gcónaí sa tslí go bhfuil beagáinín níos lú ná 100 mac léinn cláraithe léi faoi láthair. Is ionann sin agus méadú de 33% i gcomparáid leis an mBliain Acadúil 2005/2006. Níor tháinig aon mhéadú ar acmhainní na seirbhíse i gcaitheamh an ama seo. I dtaobh mac léinn réamh-iontrála tá méadú i dteagmhálacha tugtha faoi ndeara go háirithe i ndáil le ceisteanna faoi riachtanais tacaíochta. I gcásanna níos casta is léir go bhfuil gá le cruinnithe ullmhúcháin réamh-iontrála le mic léinn/teaghlach/Teagascóir Tacaíochta Disléicse/ Ionadaí Acadúil san Institiúid. Leanann an oifig uirthi ag gaibhniú nascanna láidre ar fud Cuibhreannas na Sionainne. Tá teagmháil aici leis an Ionad Measúnaithe um Theicneolaíocht Oiriúnaitheach in Ollscoil Luimigh chun measúnuithe a chur ar fáil do mhic léinn IT Thrá Lí de réir mar a bhíonn gá leis. Thug an nasc seo eolas dúinn ar na huirlisí agus an trealamh atá ag cabhrú chun freastal ar riachtanais na mac léinn siúd a bhfuil difríochtaí foghlama acu.

**Séiplíneacht**
Tháinig séiplíneach nua ar an bhfoireann a bheidh linn ón bhliain acadúil seo amach. Leanadh ar aghaidh leis an obair thréadach agus cuireadh siúlóid bhliantúil sa Spáinn léi. Tá ról glactha ag an séiplíneach ar phainéal agallaimh an CSE. Is é príomh-ról an tséiplínigh i dáil leis an gcúram tréadach a chuireann sé ar fáil ná a bheith le mic léinn agus le baill foirne araon agus iad ag gabháil trí bhuaicphointí agus trí thréimhsí lagmhisnigh an tsaoil agus cabhrú leo comhthéacs spiordálta a chur ar na heachtraí a bhaineann dóibh. Tugann sé seo áit ar leith do sheirbhís na séiplíneachta agus comhlánaíonn sé obair na ndaoine eile atá ag obair i Seirbhísí do Mhic Léinn.

Tugann an Séiplíneach tacaíocht méala do bhaill foirne agus do mhic léinn araon nuair a bhíonn gá acu léi. Agus é ag déanamh iarrachta caidreamh a bhunú le pobal na chéad bhliana ghlac an séiplíneach ról mar chóitseálaí/roghnóir foireann peile na chéad bhliana. Gníomh luachmhar ab ea é seo mar tugann sé seo deis dó labhairt le grúpa mac léinn ar ghnáthchúrsaí nach mbaineann le haon ghéarchéim. Lean an séiplíneach air ag cothú caidrimh le soláthraithe cóiríochta do mhic léinn i dTrá Lí. Ba léir gur mhór an tairbhe a bhí leis an gcaidreamh seo i gcaitheamh na bliana: réitíodh deacrachtaí beaga go luath agus seachnaíodh fadhbanna móra. Tá an séiplíneach ina chathaoirleach ar choiste carthanachta na hInstitiúide chomh maith. Thiomsaigh an coiste seo €12,500 san iomlán, trí obair na mac léinn agus na foirne, d'eagraíochtaí carthanais go háitiúil agus sa Domhan atá i mbéal Forbartha. Tá an séiplíneach freagrach as bainistiú an Chiste Charthanachta as a dtugadh tacaíocht airgid dar luach €22,687 do 120 mac léinn i mbliana.

**Cúram Sláinte**
Cuireann daoine nó ranna éagsúla mic léinn ar aghaidh chuig an Ionad Sláinte. I mbliana bhí an tIonad Sláinte ag forbairt sásra oibre leis an tSéiplíneacht agus le comhairleoir chun go bhféadfaí mic léinn a chur ar aghaidh chuig seirbhísí a chéile. Leanann an tIonad Sláinte air ag cothú nascanna le heagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta i réimse na sláinte. Thug 2,538 mic léinn cuairt ar an Ionad Sláinte i mbliana. Tairgeann an tIonad cuairteanna ar an mbanaltra saor in aisce i gcónaí agus tá costas €10 ar chuairt ar an dochtúir. Bhain fadhbanna sláinte coirp, síciatracha agus síceolaíochta na mac léinn go mór mór le stíl bheatha, saincheisteanna pearsanta agus le strus is gortú a bhain dóibh ina gcúrsaí nó ina gcuid staidéir. Cuireadh clinicí sláinte agus imeachtaí chun an tsláinte a chur chun cinn ar siúl ar fud na bliana.

**Comhairleoireacht**
Tháinig méadú 9% ar líon na mac léinn atá cláraithe leis an tSeirbhís Chomhairleoireachta i gcomórtas leis an mbliain seo chaite. Tugadh ceardlanna agus seisiúin do ghrúpaí isteach mar shlí níos éifeachtaí chun freastal ar riachtanais pobal na mac léinn.

Áiríodh iad seo a leanas ar na seirbhísí a chuir comhairleoir ar fáil:

- Strus scrúdaithe a bhainistiú
- Measúnú agus comhairleoireacht
- Traenáil aireachais
- Comhairle do bhaill foirne/mhic léinn

D'fhorbair an tSeirbhís Chomhairleoireachta d'fhonn áis "Chomhairleora faoi Oilliúint" a chur ar fáil, rud a thug deis do bhreis mac léinn leas a bhaint as an tSeirbhís Chomhairleoireachta ar a sheal. Tá sé i gceist an comhthiomsú acmhainní breise seo a leathnú agus a chur chun cinn an bhliain seo chugainn. Bíonn caidreamh le heagraíochtaí/gníomhaireachtaí lasmuigh á gcoinneáil agus á gcothú ag an tseirbhís i gcónaí.

**Spórt**
Cuireann an Oifig Spóirt clár spórt tarraingteach ar siúl i gcónaí agus í ag freastal ar lucht spóirt díograiseach iomaíochta agus fóillíochta araon i measc pobal na mac léinn. Tá cúrsaí spóirt tagtha chun cinn go mór de bharr gur cuireadh páirc imeartha shintéiseach uile-aimsire lenár gcuid áiseanna le déanaí agus de bharr na seomraí gléasta nua a críochnaíodh i gcaitheamh na bliana acadúla seo. Tháinig méadú de 14% ar spórt iomaíoch le linn na bliana agus go háirithe d'éirigh le hIT Thrá Lí sa chispheil, sa dornálaíocht, sa judó agus i gcluichí CLG lucht na chéad bhliana i gcomórtaisí idir-ollscoile. Tá spórt fóillíochta faoi bhláth i gcónaí ar an gcampas leis, agus tá méadú tagtha ar líon na rannpháirtithe go ginearálta i mbliana. Tá ceangal idir an dul chun cinn ar chúrsaí spóirt agus feabhsú na n-áiseanna a deineadh le déanaí, chomh maith leis na nascanna láidre a cothaíodh thar na blianta le clubanna áitiúla a bhíodh sásta i gcónaí slí a thabhairt do sheisiúin traenála agus cluichí de chuid na hInstitiúide.

Fuair 17 mic léinn scoláireachtaí spóirt agus cuireadh Sparántacht CGL na Mumhan ar fáil do 7. Bíonn éileamh ar Oíche Bhliantúil na nDuaiseanna Spóirt i gcónaí mar is ócáid shóisialta fhoirmiúil í ag a dtugtar aitheantas do mhic léinn atá rannpháirteach i spórt. Chuir an Oifig Spóirt altanna leis an mír faoi Shaol an Choláiste sa Kerryman mar is gnáth.

**Na Cumainn**
De bharr go dtugtar tacaíocht do na cumainn trí mhaoiniú a chur ar fáil i gcomhair Oifigeach na gCumann bíonn deis ag mic léinn an choláiste suimeanna sóisialta agus suimeanna seach-churaclaim a chothú lasmuigh dá saothar acadúil. Tá méadú nach beag tagtha ar na cumainn gach bliain ó ath-fhostaíodh Oifigeach na gCumann. Tá méadú de 22% tagtha ar bhallraíocht ghníomhach na gcumann i gcomparáid leis an mbliain acadúil roimhe seo. D'oibrigh cumainn agus Spóirt as láimh a chéile chun lá Spóirt agus Cumann a eagrú ar an dá champas. Spreag sé seo lucht na chéad bhliana le dul isteach sna cumainn ó thosach na bliana. Chuir Oifigeach na gCumann le haltanna seachtainiúla sa mhír faoi Shaol an Choláiste sa Kerryman. Thacaigh Oifig na gCumann i gcomhar le hOifig an tSéiplínigh le mic léinn ó IT Thrá Lí a bhí ag iarraidh páirt a ghlacadh sa chomórtas ceoil "IT Factor" i gcónaí. Bhíothas ag díriú ar chumainn atá againn cheana a fhorbairt ar fud na bliana agus bhí NetSoc ina ionadaí ar son IT Thrá Lí ag bronnadh duaiseanna BICS i gcatagóir na gcumann nua is fearr i gcoláiste beag. Tá sé i gceist an ghníomhaíocht mhéadaithe seo sna cumainn a chothú sna blianta amach romhainn.

**Gairmeacha**
Mar ba ghnách sna blianta roimhe seo d'éirigh go hiontach ar fad le hAonach na nGairmeacha sa Bhliain Acadúil 2007/2008. Bhí ionadaíocht ag breis is 30 fostaí, cuideachtaí, eagraíochtaí agus comhlachtaí gairmiúla san Institiúid ar lá na hócáide. De bharr ar an toradh maith a bhí ar an lá tá sé ar intinn againn an ócáid a chur ar siúl i mí Dheireadh Fómhair. Beidh sé seo moch a dhóthain sa bhliain chun suim a spreagadh go tráthúil sna mic léinn sna deiseanna atá amuigh ansin. Bimíd ag gaibhniú dlúthchaidreamh riamh is choíche le baill na Foirne Acadúla a bhaineann le nascanna le lucht tionscail agus aithnítear treochtaí in ionad an mhargaidh. Maidir leis an mbliain seo chugainn, beidh baint ag lucht acadúil le Suirbhé ar Chéimithe a chur le chéile a thabharfaidh eolas luachmhar don oifig agus do na ranna acadúla chomh maith.



# Tuairisc ar Acmhainní Daonna

Tá 30 bliain seirbhíse curtha isteach ag roinnt ball den bhfoireann.

Is mian linn aitheantas a thabhairt leis, do bheirt bhall den bhfoireann a chuaigh ar scor le linn na Bliana Acadúla 2007/2008.

Reáchtáladh na cúrsaí oiliúna seo a leanas i gcaitheamh na bliana. Bhí freastal maith orthu agus fuarthas aiseolas breá ina dtaobh:

- Bainistiú ar chruinnithe
- Oiliúint PMDS do bhainisteoirí
- Casaoid a láimhseáil
- Bainistíocht Athruithe
- Bainistíocht Togra
- Oiliúint Dífhibrileora
- Láimhseáil de láimh
- Seirbhísí Custaiméara
- Scríobh tuairisce
- Bainistiú ama
- Scileanna Láithreoireachta
- Garchabhair ag an obair
- Seisiún faoi Thuiscint ar Phleanáil Scoir / Pinsin
- Bainistiú coinbhleachta
- Seisiún faoi Thuiscint ar Bhulaíocht/Ciapadh



**Saoire Shabóideach**
D'éirigh le hiarratas baill amháin den bhfoireann ar shaoire shabóideach i gcomhair na bliana acadúla 2007/2008.

**Saoire sa Bhliain Scoile**
Bhain mórsheisear ball den bhfoireann leas as Saoire sa Bhliain Scoile sa samhradh 2008.

# Tuairisc Airgeadais

Dhearbhaigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste na ráitis airgeadais don mbliain dár críoch 31 Lúnasa 2008 ar an 1 Meán Fómhair 2009. Ullmhaítear na ráitis airgeadais, a bhfuil sleachta díobh leagtha amach anseo thíos, de réir phrionsabail chuntais a nglactar go forleathan leo faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil (ach amháin sócmhainní áirithe a chuirtear san áireamh ag an luacháil) agus de réir riachtanais an Aire Oideachais & Eolaíochta.

**Ioncam & Caiteachas**
Taispeánann torthaí na bliana go bhfuil easnamh oibríochta de €60 míle againn, rud a chruthaíonn farasbarr carnach de €5,497 míle go dtí 31 Lúnasa 2008.
Tá ardú 1.7% go dtí €34,945 míle ar ioncam na bliana seo, méid ar a n-áirítear deontais stáit de €20,745 míle agus táille theagaisc de €5,549 míle. Is é caiteachas reatha na bliana seo €35,005 míle, ar a n-áirítear costais foirne de €25,403 míle. Leithdháileadh €820 míle ón deontas stáit athfhillteach chun caiteachas caipitiúil a mhaoiniú.

**Cuntas Caipitil**
Fuair an coláiste sócmhainní seasta dar luach €6,224 míle in iomláine i rith na bliana. Ba é muirear dímheasa na bliana ná €2,490 míle agus bhí glanluach na sócmhainní inláimhsithe ar an 31 Lúnasa 2008 laghdaithe go dtí €49,986 míle.

**Talamh & Foirgintí**
Tá sé i gceist ag an Oifig Luachála luacháil iomlán a dhéanamh ar Thailte & Foirgintí agus ar chríochnú dóibh déanfar na luachanna a dhearbhófar a ionchorprú sna ráitis airgeadais. Nó go dtiocfaidh toradh ar an mbeart sin, déanfar an talamh a luacháil ar náid agus déanfar na foirgintí a luacháil ar bhonn costais athsholáthair dímheasa. Deineadh sócmhainní seasta eile a bhí ann i mí Eanáir 1993 a luacháil ar bhonn luacháil an mhargaidh oscailte chun iad a úsáid anois. Ráitear gach breis ina dhiaidh sin ar a costas féin.

## Cuntas ar Ioncam & ar Chaiteachas don mbliain dar críoch 31 Lúnasa 2008

| | 2008 €'000 | 2007 €'000 |
|---|---|---|
| **Incam** | | |
| Deontas Stáit | 20,745 | 22,041 |
| Aistriú ón gCuntas Caipitil | 2,490 | 2,416 |
| Táillí Teagaisc | 5,549 | 5,038 |
| Táillí Caipitíochta | 1,651 | 1,749 |
| Taighde, Comhairleoireacht agus Forbairt | 1,870 | 939 |
| Ioncam Úis | 377 | 156 |
| Ioncam Eile | 2,263 | 2,005 |
| | **34,945** | **34,344** |
| **Caiteachas** | | |
| Ranna Acadúla | 20,227 | 19,140 |
| Seirbhísí Acadúla | 1,706 | 1,832 |
| Foirgneamh | 2,781 | 2,806 |
| Riarachán Lárnacha agus Seirbhísí | 4,560 | 4,280 |
| Áiseanna agus Saoráidí do Mhic Léinn | 714 | 682 |
| Costais Ghinearálta Oideachais | 611 | 531 |
| Taighde, Comhairleoireacht agus Forbairt | 1,916 | 921 |
| Dímheas | 2,490 | 2,416 |
| | **35,005** | **32,608** |
| **FARASBARR /(EASNAMH) OIBRÍOCHTA** | **(60)** | **1,736** |
| ARNA AISTRIÚ GO DTÍ CÚLTAISCE TEORANTA | (949) | (397) |
| FARSABARR CARNACH 1 MEÁN FÓMHAIR | 6,488 | 5,149 |
| **FARASBARR CARNACH 31 LÚNASA** | **5,479** | **6,488** |




# INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA THRÁ LÍ


## Clár Comhordaithe amhail ar an 31 Lúnasa 2008

| | 2008 €'000 | 2007 €'000 |
|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA** | | |
| Deontas Stáit | 49,986 | 46,252 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | |
| Fiachóirí | 1,353 | 3,901 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 9,299 | 7,283 |
| | **10,652** | **11,184** |
| **CREIDIÚNAITHE** | | |
| Méideanna dlite laistigh de bhliain | (4,305) | (5,573) |
| **GLANSÓCMHAINNÍ REATHA** | **6,347** | **6,611** |
| **SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE FIACHAIS REATHA** | **56,333** | **52,863** |
| **Arna léiriú ag** | | |
| **Cúltaiscí** | | |
| Cuntas Caipitil | 49,986 | 46,252 |
| Cúltaisce Teoranta | 868 | 123 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 5,479 | 6,488 |
| | **56,333** | **52,863** |


## Ioncam





## Caiteachas Caipitil




## Foinsí Deontaisí Caiptil




## Caiteachas



# Dualgaisí Reachtúla & Fógraí Eile

**Cód Cleachtais do Rialú Eagraíochtaí Stáit**
**Ghlac an Institiúid leis an gCód Cleachtais do Rialú Eagraíochtaí Stáit, a d'fhaomh an Rialtas, Deireadh Fómhair 2001, agus táthar tar éis céimeanna a thógaint chun a chinntiú go gcloífidh an Institiúid leis an gCód.**

**Achtanna um Shonraí a Chosaint, 1988 agus 2003**
**An aidhm atá le hAchtanna um Shonraí a Chosaint ná príobháideachas sonraí pearsanta an duine atáthar á phróiseáil a chosaint. Dlitear cearta sna hAchtanna do dhaoine ar leith chun cóip a fháil de gach sonra pearsanta a bhaineann leo agus atá ar coimeád ag an Rialaitheoir Sonraí. Is Rialaitheoir sonraí í Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí agus cloítear leis an reachtaíocht.**

**Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001**
**De réir Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001 soláthraíonn na baill den mBord Rialaithe ráitis leasa don Rúnaí gach bliain.**

**Comhionannas**
**Tá an Institiúid tiomanta don pholasaí um dheiseanna comhionannais agus glacann le cur chuige dearfa i leith chomhionannais san eagras. Oibríonn an Institiúid méid áirithe scéimeanna, agus roghnaithe á soláthar acu do bhaill foirne maidir lena riachtanais phearsanta agus ghairm bheatha, mar atá, páirtiú in obair, saoire staidéir, cláir oideachais agus sosanna gairme.**

**Éifeachtacht Fuinnimh**
**Táthar ag féachaint san Institiúid ar bhealaí chun éifeachtacht fuinnimh a fheabhsú laistigh den Institiúid.**

**Achtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003**
**Cuirtear forálacha an Achta um Saoráil Faisnéise 1997, a leasaíodh trí Acht um Saoráil Faisnéise 2003 (Leasú) i bhfeidhm san Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí. Tháinig an Institiúid faoi théarmaí tagartha an Achta um Saoráil Faisnéise, ar an 1 Deireadh Fómhair 2001. Bunaítear trí cheart reachtaíochta do gach duine sa phobal san Acht sin, mar atá:**

- An ceart ar thaifead atá ar coimeád ag eagraíochtaí poiblí a rochtain,
- An ceart ar eolas pearsanta a bhaineann leis an duine féin a leasú nuair a bhíonn sé neamhshlán, mícheart nó sa chás go mbeadh sé míthreorach, agus
- An ceart ar chúiseanna a fháil maidir le cinntí a thógann boird phoiblí a bhaineann leis an duine féin.

**Achta na dTeangacha Oifigiúla, 2003**
Foilsítear Tuarascálacha Bliantúla na hInstitiúide i bhfeidhm ó 2002/2003, Ráitis Airgeadais agus cáipéisí eile lena mbaineann go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla, ag cloí le forálacha ginearálta an Achta.

**An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997**
Leasaíodh an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 (An tAcht) a tháinig i bhfeidhm 2 Eanáir 1998, ag Rialacha na gComhphobal Eorpacha 2002 (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála).

Déantar cleachtais íocaíochta na hInstitiúide a thuairisciú anseo thíos don mbliain dar críoch 31 Lúnasa 2005 fé mar a éilítear san Acht.

(a) Tá sé mar pholasaí ag Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí a chinntiú go n-íocfar gach sonrasc go pras. Tá sain-nósanna imeachta ann a chuireann ar chumas na hInstitiúide gach sonrasc a rianú agus a chinntiú go ndéanfar na híocaíochtaí roimh an spriocdháta. Cláraítear sonraisc go laethúil agus eisítear seiceanna/EFTanna fé mar is gá chun íocaíochtaí tráthúla a chinntiú.

(b) Comhshnaidhmítear sa chóras rialaithe inmheánaigh rialú agus nósanna imeachta a meastar a bheith riachtanach chun a chinntiú go gcloífear leis an Acht. Áirítear i gcóras rialaithe inmheánaigh na hInstitiúide cuntasaíocht agus rialú ríomhaireachta chun a chinntiú go n-aithnítear sonraisc chun íocaíocht a dhéanamh laistigh de na spriocdhátaí íocaíochta a shainmhínítear de réir an Achta. Deineadh na rialúcháin sin a dhearadh mar chinnteacht réasúnta, ní cinnteacht iomlán, i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta. Deineann Roinn na gCuntas tuairisc a shainaithníonn sonraisc nach bhfuil íoctha agus atá amuigh fós agus athbhreithnítear an tuairisc sin go rialta.

Is deimhin leis an lucht bainistíochta gur chloígh an Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí, le forálacha an Achta i ngach gné ábhartha.

Níor tháinig aon fhorbairt ábhartha chun cinn ó 1 Meán Fómhair 2006 i leith.

**Sonraí na n-íocaíochtaí déanacha faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997.**
96 an t-iomlán d'íocaíochtaí déanacha a raibh luach sonraisc níos mó ná €317 ag gabháil leo.
€875,713 an luach iomlán de shonraisc maidir le híocaíochtaí déanacha de bhreis ar €317.

Ba é meánlíon na laethanta a ndearnathas moill san íocaíocht ná 33 lá.

**Acht um Shábháilteacht, Sláinte & Leas ag an Obair 2005**
De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte & Leas ag an Obair 2005 tá ráiteas sábháilteachta ullmhaithe ag an Institiúid a chuimsíonn na gnéithe go léir a bhaineann le leas na foirne, na mac léinn agus na gcuairteoirí.

# Tuilleadh Nuachta

Thionóil an tUachtarán cruinniú eolais don bhfoireann ar an 3ú Meán Fómhair 2007.
Reáchtáladh lá 'spéire goirme' fiontraíochta in Ionad Comhdhála Bhréanainn ar an 18ú Meán Fómhair 2007. D'fhreastail breis is 750 dalta dara leibhéil air chomh maith le mic léinn ó ITT.
Bhí a comóradh 30 bliana ag an Institiúid i mbliana.
Bronnadh an conradh tógála i gcomhair Leabharlann agus Ionad Acmhainne Eolais nua na hInstitiúide ar Michael McNamara.
Cuireadh lámh leis an Meamram Comhaontaithe idir ITT agus Ollscoil Sunshine Coast, Queensland, an Astráil.
Cuireadh lámh leis an Meamram Comhaontaithe idir ITT agus Forbairt na Sionainne chun sreanga BSL i gcroícheantar na hInstitiúide a chur faoi thalamh.
Ba í IT Thrá Lí an chéad choláiste in Éirinn a chuaigh i mbun togra ina raibh mic léinn ó sheirbhísí Eoin Dé ag freastal ar an gclár 'Scileanna don Saol' de chuid na hIT Thrá Lí.
D'éirigh le hiarratas ó Roinn na nEolaíochtaí Ceimice agus Beatha ar €3 milliún le haghaidh Ionad Bith-theicneolaíochta Feidhmí i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Luimnigh.
Chuir an Institiúid tús lena clár Máistreachta i Riarachán Gnó (MBA) ar an 8ú Deireadh Fómhair. Chuige seo reáchtáladh seimineár ceannaireachta ag ar thug roinnt príomhchainteoirí aitheasc.
Chuir an Institiúid tús lena cúrsa i mBitheolaíocht Fhiadhúlra ar an 24ú Deireadh Fómhair i gCill Airne.
Bhí bronnadh na gcéimeanna ar siúl ar an 26ú Deireadh Fómhair 2007.
Reáchtáladh Oíche na Scoláireachtaí spóirt ar an 20ú Samhain 2007. Fuair 17 mac léinn scoláireacht.
Bhí ceolchoirm bhliantúil na Nollag ar siúl ar an Déardaoin 6ú Nollaig 2007.
Reáchtáil an tUachtarán seisiún eolais don bhfoireann ar an 16ú Eanáir 2008.
Reáchtáladh an Campa Aclaíochta Gnó mar chuid de Chlár an Fhiontraí Óig ar an 1ú Feabhra 2008. Ghlac breis is 500 mac léinn agus rannpháirtithe eile páirt ar an lá.
Bhí comhdháil thuistithe ar siúl ar an 9ú Feabhra 2008. "Parenting our Children – Art and Science" ba é teideal na comhdhála.
Reáchtáladh an chéad chluiche oifigiúil ar an bpáirc imeartha CLG ar an 13ú Feabhra. Bhuail ITT ONÉ Mhaigh Nuad i gCorn Sigerson.
Thug an tAire Ní Ainifín cuairt ar an Institiúid ar an 22ú Feabhra 2008 chun tús a chur le Clár an Chomóradh 30 Bliana.
Choinnigh Aontas na Mac Léinn Feachtas um Shábháilteacht ar na Bóithre ón 18ú go dtí an 27ú Feabhra 2008. Thug ionadaithe ón nGarda Síochána, ó sheirbhísí Otharchairr agus ó Bhriogáid Dóiteáin Chiarraí cainteanna. Cuireadh taispeántas ar siúl a léirigh conas a láimhseálann na seirbhísí éigeandála timpistí.
Thug ionadaithe ó Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann cuairt ar an Institiúid ar an 26ú agus an 27ú Feabhra 2008. Dheonaigh baill den bhfoireann agus mic léinn 115 aonad fola.
Tháinig an tOifigeach um scor ón chaitheamh ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go dtí an Coláiste ar an 26ú Feabhra chun pobal an choláiste a chur ar an eolas faoi sheirbhísí maidir le héirí as caitheamh atá á gcur ar fáil ag FSS.
Tháinig Aonad Fondúireachta Marie Keating ar cuairt chuig an Institiúid ar an 13ú Márta 2008.
Bhuaigh Foireann Cispheil na mban ITT corn 'B' idir-ollscoile den
gcéad uair. Bhíodar 47 bpointe chun tosaigh i gcoinne IT Chorcaí sa chluiche ceannais.
Bhuaigh ITT trí boinn óir ag comórtaisí idir-ollscoile na nDornálaithe Sinsearacha a raibh ONÉ Gaillimh ina hóstach orthu.
Mar chuid den gcomóradh 30 bliana bronnadh dámhachtainí onóracha ar roinnt daoine oirice den bpearsanra.
Leithdháileadh €2.315 milliún ar IT Thrá Lí faoin leithdháileadh maoinithe SIF2 a d'fhógraigh an tArdúdarás Oideachais.
I mí na Márta tosnaíodh ar cheann den dá shraith sreanga aibhléise a ritheann trasna ceantar láir an Champais Thuaidh a chur faoi thalamh.
Bronnadh €1.024 milliún ar IT Thrá Lí le haghaidh feabhsú a cuid Trealamh Taighde.
Chuir an Institiúid Cóisir Fhleáchais ar siúl ar an 14ú Meitheamh mar chomhartha do dheireadh ceiliúradh an chomórtha 30 bliana.
Críochnaíodh an obair tógála ar an gcrèche agus beidh sé seo ar fáil don gcéad ionghabháil leanaí o mí Mheán Fómhair 2008.